



An Bhruiséil, 5 Nollaig 2024
(OR. en)

16674/24

**Comhad Idirinstiúideach:
2024/0035(COD)**

LIMITE

COPEN 540
DROIPEN 263
FREMP 459
CYBER 369
ENFOPOL 514
JAI 1840
CODEC 2296

NÓTA

ó: An Uachtaránacht

chuig: An Chomhairle

Uimh. an doic.
roimhe seo: 16145/24

Ábhar: Dréacht-Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí, teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (athmhúnlú)
- Cur chuige ginearálta

RÉAMHRÁ

- An 7 Feabhra 2024 chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle agus na Parlaimint na hEorpa togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí, teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (athmhúnlú). Is é is aidhm don togra na sainmhínte ar chionta mí-úsáide gnéasaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a leathnú, imscrúdú chomh maith le hionchúiseamh níos éifeachtaí ar na coireanna sin a áirithiú agus cosaint íospartach a neartú.
- Tá an togra le haghaidh treorach bunaithe ar Airteagal 83(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) (an gnáthnós imeachta reachtach).

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) a thuairim uaidh an 10 Iúil 2024.
4. I bParlaimint na hEorpa, is ar an gCoiste LIBE atá an phríomhfhreagracht i ndáil leis an togra. Ceapadh Jeroen LENAERS ina rapóirtéir.

STAD NA hIMEARTHA AGUS NA PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA

5. Rinne an Mheitheal um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla (COPEN) chomh maith le Comhairleoirí CGB scrúdú ar an togra agus ar an iliomad téacsanna comhréitigh ón Uachtaránacht ag roinnt mhaith cruinnithe idir mí Aibreáin agus mí na Samhna 2024. Thángthas ar chomhaontú leathan i bprionsabal maidir leis an téacs ag an gcuinniú a bhí ag Comhairleoirí CGB an 26 Samhain 2024. Tar éis comhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn a dhéanamh ina dhiaidh sin, deimhníodh ar an leibhéal teicniúil an téacs atá san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.
6. Agus an chaibidlíocht ar siúl le linn Uachtaránacht na Beilge agus Uachtaránacht na hUngáire, tugadh isteach roinnt leasuithe sa togra, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:
 - An sainmhíniú ar ‘cionta a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach’ (Airteagal 3), go háirithe maidir leis an sainmhíniú ar choincheap an toilithe (Airteagal 3(7) agus aithris 15c atá nasctha leis);
 - Cion nua a chur isteach maidir le treoracha faoi mar a dhéantar mí-úsáid ghnéasach leanaí, teacht i dtír gnéasach nó sirtheoireacht leanaí chun críoch gnéasach (Airteagal 5a);
 - An sainmhíniú ar na cionta a bhaineann le sirtheoireacht leanaí, sirtheoireacht beoshruthaithe agus seirbhís ar líne a oibriú (Airteagail 6-8);
 - Tréimhsí teorann (Airteagal 16a);
 - Oibleagáidí tuairiscithe (Airteagal 17); agus
 - Bailiú sonraí agus taighde (Airteagal 31).

Is é is aidhm do na leasuithe eile an téacs a chur i gcomhréir le acquis an dlí choiriúil is déanaí, go háirithe maidir le pionóis ar dhaoine dlítheanacha agus cearta íospartach. Na forálacha atá beartaithe a bhaineann le lárionad a bheidh ann amach anseo, is é sin Lárionad an Aontais chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chosc agus a chomhrac, scriosadh go sealadach ón téacs iad freisin, go dtí go nglacfar an bunús dlí don lárionad sin.

7. An 4 Nollaig 2024, dhaingnigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú agus mhol sé don Chomhairle teacht ar chur chuige ginearálta, ionas go mbeadh an Uachtaránacht in ann caibidlíocht idirinstiúideach a dhéanamh.

CONCLÚID

Iarrtar ar an gComhairle teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an téacs mar a leagtar amach é san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, chun go mbeidh an Uachtaránacht in ann an chaibidlíocht idirinstiúideach a dhéanamh.

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí, teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (athmhúnlú)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 82(2) agus Airteagal 83(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

[...]

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

↓ nua

- (1) Tá roinnt athruithe le déanamh ar Threoir 2011/93/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Treoir sin a athmhúnlú.
-

↓ 2011/93/AE aithris 1 (oiriúnaithe)

- (2) Is ionann mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí, lena n-áirítear ~~pornagrafaíocht~~ ☒ ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ☒, agus sáruithe tromchúiseacha ar chearta bunúsacha, go háirithe ar chearta leanaí chun na cosanta agus an chúraim is gá ar mhaithe lena ndea-bhail, dá bhforáiltear le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh 1989 agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh².

¹ Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (*IO L 335, 17.12.2011, lch. 1*, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2011/93/oj/1>, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2011/93/oj>).

² IO C 364, 18.12.2000, lch. 1.

↓ 2011/93/AE aithris 2 (oiriúnaithe)

⇒ nua

- (3) I gcomhréir le hAirteagal 6(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, aithníonn an tAontas Eorpach na cearta, na saoirsí agus na prionsabail a leagtar amach sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ina bhforáiltear le hAirteagal 24(2) maidir leis na gníomhaíochtaí ar fad a bhaineann le leanaí, bíodh siad á ndéanamh ag údaráis phoiblí nó ag institiúidí príobháideacha, nach mór leas an linbh a bheith ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí atá le cur san áireamh. Thairis sin, le ~~Stockholm Programme — An Open and Secure Europe Serving and Protecting Citizens~~ (4) ⇒ Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí³ ⇒ tugtar tús áite do bhorradh a chur faoin gcomhrac in aghaidh ~~combating~~ mí-úsáide leanaí agus teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí agus ~~pornography~~ ⇒ ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, lena n-áirítear trí gníomhaíochtaí atá dírithe ar éifeachtacht leanúnach reachtaíocht an Aontais atá ann cheana a áirithiú, trí nuashonrú a dhéanamh uirthi más gá. Tacaítear leis sin freisin le Straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh sa chuspóir atá aici foréigean in aghaidh leanaí a chomhrac agus ceartas lena dtacaítear le leanaí a áirithiú ⇒.

↓ 2011/93/AE aithris 3 (oiriúnaithe)

- (4) Tá ~~pornagrafaíocht~~ ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí agus cineálacha eile den mhí-úsáid ghnéasach an-tromchúiseach agus den teacht i dtír gnéasach an-tromchúiseach ar leanaí ag éirí níos forleithne agus ag scaipeadh trí úsáid a bhaint as nuatheicneolaíochtaí agus an Idirlíon.

³ COM(2020) 607 an 24 Iúil 2020.

↓ 2011/93/AE aithris 4 (oiriúnaithe)








⇒ nua

🔄 an Comhairle

- (5) ~~Le Cinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle an 22 Nollaig 2013 maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí, teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a gcomhrae (5), déantar reachtaíocht na mBallstát a chomhfhogasú chun na cineálacha is tromchúisí de mhí-úsáid ghnéasach agus de theacht i dtír gnéasach ar leanaí a choiriúlú, chun dlínse baile a fhadú, agus chun foráil a dhéanamh maidir le híosleibhéal cúnaimh d'íospartaigh. Le Cinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle an 15 Márta 2001 maidir le seasamh íospartach in imeachtaí coiriúla, déantar sraith de chearta íospartach in imeachtaí coiriúla a bhunú, lena n-áirítear an ceart chun cosanta agus chun cúitimh.~~ ⇒ Le Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴, bunaítear tacar de chearta íospartach d'íospartaigh uile na coireachta uile, lena n-áirítear d'íospartaigh linbh na mí-úsáide gnéasaí. Áirítear ar na cearta sin an ceart chun faisnéise, na cearta chun tacaíochta agus cosanta i gcomhréir le riachtanais aonair na n-íospartach, tacar de chearta nós imeachta agus ceart chun cinneadh a fháil maidir le cúiteamh ón gciontóir. Leis an togra le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cearta Íospartach, neartaítear a thuilleadh cearta íospartaigh na coireachta san Aontas, lena n-áirítear neartú an chirt chun tacaíochta agus cosanta d'íospartaigh linbh na coireachta⁵. Cuireann an Treoir seo leis an Treoir maidir le Cearta Íospartach agus tá sí infheidhme sa bhreis uirthi. ⇐ Thairis sin, maidir le hionchúiseamh a dhéanamh ar chásanna den mhí-úsáid leanaí, den teacht i dtír ar leanaí agus ~~pornagrafaíocht~~ d'☒ ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ☒, ~~deanfar~~ ☒ déantar ☒ é sin a éascú le cur chun feidhme Chinneadh Réime 2009/948/CGB ón gComhairle ~~an 30 Samhain 2009 maidir le cöse a chur ar easaontachtaí i ndáil le feidhmiú dlínse in imeachtaí coiriúla agus le hiad a réiteach~~⁶. ⇒ I gcás ina dtagann ionchúiseamh ar na cásanna sin faoi dhlínse níos mó ná Ballstát amháin, ba cheart do na Ballstáit lena

⁴ Treoir 2012/29 AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht, agus cosaint d'íospartaigh na coireachta IO L 315, 14.11.2012, lch. 57).

⁵ COM(2023) 424 final an 12 Iúil 2023. Tá an togra fós faoi chaibidil agus ní dhéanfar na tagairtí dó sa téacs seo a choinneáil ach amháin má ghlactar an Treoir i bhfoirm atá gar don togra.

mbaineann comhoibriú lena chéile chun a chinneadh cén Ballstát is fearr atá in ann ionchúiseamh a dhéanamh. I gcás ina gcinnfidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann, i ndiaidh comhair nó comhairliúcháin dhíreacha faoi **Cinneadh Réime ón gComhairle 2009/948/JHA⁷**, chun imeachtaí coiriúla a lárú i mBallstát amháin trí imeachtaí coiriúla a aistriú,  [...]  Rialachán (AE)  [...]   2024/... ón **gComhairle agus ó Pharlaimint na hEorpa an 27 Samhain 2024 maidir le himeachtaí in ábhair choiriúla a aistriú .../... [glactha ach gan foilsiú fós]⁸**  a úsáid le haghaidh an aistrithe sin. 

⁷ Cinneadh Réime ón gComhairle 2009/948/JHA an 30 Samhain 2009 maidir le coinbhleachtaí i bhfeidhmiú dlínse in imeachtaí coiriúla a chosc agus a shocrú (IO L 328, 15.12.2009, p. 42, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2009/948/oj).

⁸ Glacadh an téacs an 5 Samhain agus síníodh é an 27 Samhain. Is dócha go bhfoilseofar é – agus uimhir an Rialacháin ann – am éigin i mí na Nollag.

↓ 2011/93/AE aithris 5

- (6) I gcomhréir le hAirteagal 34 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, geallann na Stáit ar páirtithe sa Choinbhinsiún iad go ndéanfaidh siad an leanbh a chosaint ó gach cineál teacht i dtír ghnéasaigh agus mí-úsáide gnéasaí. Maidir leis an bPrótacal Roghnach ó na Náisiún Aontaithe 2000 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh maidir le leanaí a dhíol, le striapachas leanaí agus le pornagrafaíocht leanaí agus, go háirithe, leis an gCoinbhinsiún ó Chomhairle na hEorpa 2007 maidir le leanaí a chosaint ar theacht i dtír gnéasach agus ar mhí-úsáid ghnéasach, is céimeanna ríthábhachtacha iad sa phróiseas chun comhar idirnáisiúnta sa réimse seo a fheabhsú.

↓ 2011/93/AE aithris 6 (oiriúnaithe)

⇒ nua

↻ an Chomhairle

- (7) I gcásanna cionta coiriúla tromchúiseacha amhail teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus ~~pornagrafaíocht~~ ábhar mí-úsáid ghnéasaí leanaí , bíonn gá le cur chuige cuimsitheach lena gcumhdaítear ciontóirí a ionchúiseamh, íospartaigh linbh a chosaint, agus an feiniméan a chosc , lena n-áirítear na forbairtí agus na treochnaí intuartha leis déanaí, ar minice is úsáid teicneolaíochtaí [...] faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leo. Chun na críche sin, ní mór an creat dlíthiúil atá ann faoi láthair a thabhairt cothrom le dáta, chun a áirithiú go mbeidh sé éifeachtach go fóill . Ní mór leas an linbh a bheith ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí atá le cur san áireamh agus aon bheart á dhéanamh chun na cionta sin a chomhrac i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. ~~Be~~ ~~cheart-ionstraim nua lena soláthrófar creat dlíthiúil cuimsitheach chun na críche sin a chur in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB.~~

↓ 2011/93/AE aithris 7 (oiriúnaithe)

↻ an Chomhairle

- (8) Ba cheart an Treoir seo a bheith comhlántach go hiomlán le Treoir [\[...\]](#) [AE](#) 2024/1712 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chos agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint ~~an 5 Aibreán 2001 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chos agus a chomhrac agus maidir leis na híospartaigh a chosaint, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2002/629/CGB ón gComhairle⁹~~, toisc go bhfuil roinnt íospartaigh na gáinneála ar dhaoine ann a bhí ina n-íospartaigh mhí-úsáide gnéasaí agus teacht i dtír ghnéasaigh freisin agus iad ina leanaí.

↓ 2011/93/AE aithris 8 (oiriúnaithe)

- (9) I gcomhthéacs gníomhartha a bhaineann le taispeántas ~~peragrafach~~ mí-úsáide gnéasaí leanaí , tagraítear sa Treoir seo do na gníomhartha sin arb é atá iontu taispeántas beo eagraithe a dhírítear ar lucht féachana agus, dá bhrí sin, lena ndéantar aon chumarsáid aghaidh ar aghaidh idir piaraí toilteanacha, agus idir leanaí os cionn na haoise toilithe gnéis agus a bpáirtithe a chur as an áireamh sa sainmhíniú.

2011/93/AE aithris 9 (oiriúnaithe)

nua

an Chomhairle

- (10) Is minic a áirítear, in ~~pornagrafaíocht~~ ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, íomhánna ina dtairfeadtar mí-úsáid ghnéasach leanaí [...] . D'fhéadfadh sé íomhánna de leanaí atá rannpháirteach in iompar gáirsiúil nó íomhánna de ghnéasorgáin leanaí a áireamh freisin, i gcásanna ina ndéantar na híomhánna sin a chruthú agus a úsáid go príomha chun críoch gnéasach agus a fhios ag an leanbh go bhfuiltear á n-úsáid nó i ngan fhios dó. Thairis sin, cumhdaítear le coincheap ~~na pornagrafaíochta~~ an ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí freisin íomhánna réalaiócha de leanbh, i gcás ina bhfuil leanbh rannpháirteach in iompar gáirsiúil nó ina léirítear leanbh mar a bheadh an leanbh rannpháirteach in iompar den sórt sin chun críoch gnéasach go príomha [...] .

nua

an Chomhairle

- (11) Tá sé léirithe sa taighde nach amháin go bhfuil sé ríthábhachtach scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí a theorannú chun athíospairt atá nasctha le cúrsaíocht íomhánna agus físeán den mhí-úsáid a sheachaint ach go bhfuil sé bunriachtanach freisin mar chineál de chosc ar thaobh an chiontóra, ós rud é gur minic gurb é rochtain a fháil ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí an chéad chéim i dtreo mí-úsáid fhisiciúil, is cuma fíormhí-úsáid agus fíorthocht i dtír nó mí-úsáid agus teacht i dtír a bhfuil cuma réalaióch orthu ann. Tá sé tuartha go dtiocfaidh fás as cuimse ar fhorbairt leanúnach na bhfeidhmchlár intleachta saorga atá in ann íomhánna réalaiócha a chruthú nach féidir a idirdhealú ó fhíoríomhánna, líon na n-íomhánna agus na bhfíseán ar a dtugtar íomhánna agus físeán 'dhomhainbhrionnócháin' agus ina léirítear mí-úsáid ghnéasach leanaí sna blianta amach romhainn. [...] . Le tagairt shainráite do 'macasamhlacha agus léirithe', [...] d'fhéadfaí a áirithiú go gcumhdaítear leis an sainmhíniú ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí na forbairtí teicneolaíocha sin agus forbairtí a thiocfaidh chun cinn amach anseo ar bhealach atá neodrach go leor ó thaobh na teicneolaíochta de agus, dá bhrí sin, a sheasfaidh an aimsir.

an Chomhairle

- (11a) Féadfaidh na Ballstáit aire faoi leith a thabhairt ar tháirgeadh agus margáíocht na mainicíní gnéis agus na róbat gnéis atá cosúil le leanaí, ar ábhar inní iad. Tá na mainicíní agus na róbaít sin beartaithe lena n-úsáid chun críoch gnéasach. Moltar do na Ballstáit mainicíní gnéis agus róbaít gnéis ar a bhfuil cuma linbh a choiriúlú, agus aird chuí á tabhairt do na contúirtí a bhaineann leo.

nua

an Chomhairle

- (12) Is i lámhleabhair agus dtreoirleabhair [...] i bhfoirm ar bith, mar shampla cóipeanna crua, foirmeacha digiteacha nó foirmeacha códaithe, a chuirtear ar fáil comhairle maidir le teacht ar leanaí, maidir le mealltóireacht agus mí-úsáid a dhéanamh orthu agus maidir le haithint agus ionchúiseamh a sheachaint. Trí bhacainní a ísliú agus an fios gnó is gá a sholáthar, cuidíonn siad le ciontóirí a ghríosú agus tacaíonn siad le mí-úsáid ghnéasach. Mar thoradh ar a scaipeadh ar líne, leasaigh Ballstáit áirithe a ndlí coiriúil agus rinne siad seilbh agus dáileadh na lámhleabhar sin a choiriúlú go sainráite. Mar gheall ar an easpa comhchuibhithe, tá leibhéal míchothrom cosanta ann ar fud an Aontais. Chun cionta a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc, [...] ba cheart pionós a bheith infheidhme maidir leis an méid a leanas, nuair a dhéantar gan cheart iad: táirgeadh, tairiscint nó scaipeadh treoracha faoi mar a dhéantar mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach leanaí nó na treoracha sin a bheith i seilbh duine, bíodh na treoracha sin i scríbhinn nó i bhfoirm eile mar shampla seisiúin (ar líne) ar lena linn a scaiptear faisnéis maidir le modhanna mí-úsáide gnéasaí.

↓ 2011/93/AE aithris 10

- (13) Ní í gcónaí a fhágann míchumas, leis féin, nach féidir toiliú le caidrimh ghnéis. Ba cheart, áfach, mí-úsáid a bhainfí as an míchumas sin a bheith ann chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí gnéasacha le leanbh a choiriúlú.
-

↓ 2011/93/AE aithris 11 (oiriúnaithe)

➔ an Chomhairle

- (14) Agus reachtaíocht maidir leis an dlí coiriúil substainteach á glacadh aige, ba cheart don Aontas Eorpach comhsheasmhacht na reachtaíochta sin a áirithiú go háirithe maidir le leibhéal na bpionós a ghearrtar. ~~Maidir leis na conclúidí ón gComhairle an 24 agus an 25 Aibreán 2002 maidir leis an gcur chuige atá le cur i bhfeidhm i dtaca le pionóis a chomhfhogasú, agus lena léirítear na ceithre leibhéal pionóis, ba cheart iad sin a chur san áireamh i bhfianaise Chonradh Liospóin.~~ ➔ I bhfianaise Chonradh Liospóin ba cheart na Conclúidí ón gComhairle an 24 agus an 25 Aibreán 2002 maidir leis an gcur chuige atá le cur i bhfeidhm i dtaca le pionóis a chomhfhogasú, agus lena léirítear na ceithre leibhéal pionóis, agus na Conclúidí ón gComhairle maidir le samhailfhorálacha, ar treoir iad do phlé na Comhairle ar an dlí coiriúil, an 30 Samhain 2009, a chur san áireamh freisin. ➔ Toisc go bhfuil líon an-ard de chionta éagsúla luaite sa Treoir seo, is gá, chun na leibhéal éagsúla tromchúise a léiriú, idirdhealú níos mó a dhéanamh inti idir leibhéal na bpionós ná mar ba cheart a sholáthar de ghnáth in ionstraimí dlí de chuid an Aontais Eorpaigh.

2011/93/AE aithris 12 (oiriúnaithe)

nua

an Chomhairle

- (15) Ba cheart cineálacha tromchúiseacha den mhí-úsáid ghnéasach leanaí agus den teacht i dtír gnéasach ar leanaí a bheith faoi réir pionóis atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Áirítear leis sin, go háirithe, cineálacha éagsúla den mhí-úsáid ghnéasach leanaí agus den teacht i dtír gnéasach ar leanaí a éascaítear trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, amhail sirtheoireacht leanaí a dhéantar ar líne chun críoch gnéasach trí shuíomhanna gréasáin líonra shóisialta agus trí sheomraí comhrá. Ba cheart an sainmhíniú ar ~~pornagrafaíocht~~ ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a shoiléiriú agus a thabhairt níos gaire don sainmhíniú atá sna hionstraimí idirnáisiúnta. [...] Ba cheart an téarmaíocht a úsáidtear sa Treoir seo a thabhairt i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta aitheanta amhail na Treoirlínte Téarmeolaíochta um Leanaí a Chosaint ar Theacht i dTír Gnéasach agus Mí-Úsáid Ghnéasach arna nglacadh ag an Meitheal Idirghníomhaireachta i Lucsamburg an 28 Eanáir 2016, agus an tuarascáil ó Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh dar teideal *Guidelines regarding the implementation of the Optional Protocol to the Convention on the Rights of the Child on the sale of children, child prostitution and child pornography*. Tugann na Treoirlínte Téarmeolaíochta chun suntais go bhfuil méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as an téarma ‘ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí in ionad ‘pornagrafaíocht leanaí’. Déantar an t-athrú téarmaíochta sin toisc go gceaptar go deimhin, maidir le hábhar gnéasaithe lena gcuimsítear íomhanna de leanaí nó a ionadaíonn d’íomhanna de leanaí, gur léiriú mí-úsáide gnéasaí leanaí agus cineál mí-úsáide gnéasaí leanaí é, agus nár cheart ‘pornagrafaíocht’ a thabhairt air.

(15a) Leis an athrú téarmaíochta ó ‘pornagrafaíocht leanaí’ go ‘ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí’ ní dhéantar difear agus tá sé gan dochar d’aon oibleagáid dlíthiúil de chuid na mBallstát a eascraíonn as ionstraimí dlí idirnáisiúnta ina n-úsáidtear an téarma ‘pornagrafaíocht leanaí’. Mar thoradh ar an athrú téarmaíochta sin, moltar do na Ballstáit, a reachtaíocht náisiúnta a oiriúnú dá réir, ach ní cheanglaítear sin orthu.

(15b) Tá gach cineál mí-úsáide gnéasaí leanaí tromchúiseach agus ba cheart é a choiriú. Ina theannta sin, is cionta fiorthromchúiseacha iad cionta ina ndéantar treá faighne agus anasaigh, chomh maith le foirmeacha éagsúla treáite béil de chineál gnéasach, agus ní mór pionóis arda a cheangal ina leith.

(15c) Má ghlactar páirt i ngníomhaíochtaí gnéasacha le leanbh ag a bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe, ba cheart na gníomhaíochta sin a bheith inphionóis mura dtoilíonn an leanbh sin. I gcás ina bhfuil an aois toilithe slánaithe ag an leanbh agus má thoilíonn sé nó sí, ní mór an toil sin a bheith tugtha go saorálach, de thoradh shaorthoil an linbh, agus comhthéacs ábhartha iomlán na n-imthosca á chur san áireamh.

I gcásanna nach bhfuil an leanbh in ann saorthoil a fheidhmiú, ní féidir a mheas gurb ann don toil. D’fhéadfaí a mheas gur ann d’imthosca den chineál sin i gcás ina mbaintear mí-úsáid as post iontaobhais, údaráis nó tionchair aitheanta i leith an linbh, i gcás ina mbaintear mí-úsáid as staid leochaileach an linbh, i gcás ina n-úsáidtear comhéigean, fórsa nó bagairtí nó má tá an leanbh neamhaireachtálach nó meisce ar dhóigh ag a mbíonn tionchar ar an gcumas saorthoilíú a dhéanamh. Ní gá go léireodh an leanbh a thoil trí bhíthin focal. Is féidir a mheas nach dtoilíonn an leanbh leis an ngníomhaíocht ó ghníomhartha an linbh nó imthosca (eile) a léiríonn an méid sin, agus d’fhéadfadh an leanbh a bheith ina staic a bheith san áireamh air sin. Ní féidir toiliú a thuiscint as an bhfioras nach bhfuil an leanbh ag cur in aghaidh na ngníomhaíochta go fisiciúil nó as an iompar gnéis a bhí ar siúl ag an leanbh roimh sin.

Agus cinneadh á dhéanamh ag údaráis bhreithiúnacha na mBallstát céard is saorthoil a thabhairt go saorálach.

↓ 2011/93/AE aithris 13

- (16) Maidir leis an uastearma príosúnachta dá bhforáiltear sa Treoir seo i leith na gcionta dá dtagraítear inti, ba cheart feidhm a bheith aige maidir leis na cineálacha is tromchúisí de na cionta sin ar a laghad.

↓ 2011/93/AE aithris 14 (oiriúnaithe)

- (17) Chun an t-uastearma príosúnachta dá bhforáiltear sa Treoir seo i leith cionta a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí, le teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus le ~~pornagrafaíocht~~ hábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhaint amach, féadfaidh na Ballstáit, agus an dlí náisiúnta á chur san áireamh acu, na téarmaí príosúnachta dá bhforáiltear i reachtaíocht náisiúnta maidir leis na cionta sin a chomhcheangal.

↓ an Chomhairle

- (17a) Coimeádann na Ballstáit an fhéidearthacht foráil do phionóis níos déine i gcás cionta aonair nach ionann iad agus na cinn dá bhforáiltear sa Treoir seo.

↓ 2011/93/AE aithris 15 (oiriúnaithe)

⇒ nua

- (18) Leis an Treoir seo, ~~cuirtear oibleagáid~~ ⇒ ba cheart oibleagáid a chur ⇐ ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le pionóis choiriúla i leith forálacha dlí an Aontais Eorpaigh maidir le mí-úsáid ghnéasach ⊗ agus ⊗₃ teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus ~~pornagrafaíocht~~ ⊗ ábhar mí-úsáide gnéasaí ⊗ leanaí a chomhrac. ~~Ní chruthaítear aon oibleagáid~~ ⇒ Níor cheart ⊗ aon ⊗ oibleagáid a chruthú ⇐ leis an Treoir seo i ndáil le cur i bhfeidhm pionós den sórt sin, ná i ndáil le haon chóras eile forfheidhmithe dlí atá ar fáil, i gcásanna aonair.
-

🗣 an Chomhairle

- (18a) I ndlí coiriúil gach Ballstáit áirítear forálacha maidir le gríosú, cabhrú, neartú agus iarraidh. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann dul ar iontaoibh na bhforálacha ginearálta sin agus rialacha na Treorach reatha á trasú acu, a mhéid a chumhdaítear, leis na rialacha atá le trasú, gníomhartha a thagadh faoi chuimsiú an tsainmhínithe náisiúnta ar ghríosú, cabhrú, neartú agus iarraidh.
-

↓ 2011/93/AE aithris 16

- (19) Go háirithe maidir leis na cásanna sin ina ndéantar na cionta dá dtagraítear sa Treoir seo chun airgead a ghnóthú, iarrtar ar na Ballstáit breithniú ar fhoráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht go ngearrfaí pionóis airgid sa bhreis ar phríosúnacht.

2011/93/AE aithris 17 (oiriúnaithe)

nua

an Chomhairle

- (20) I gcomhthéacs ~~phomagrafaíocht~~ ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí, leis an téarma ná meastar go ndearnadh é ‘gan cheart’, cuirtear ar chumas na mBallstát cosaint a sholáthar i leith iompar a bhaineann le hábhar ~~phomagrafaíocht~~ a d’fhéadfadh a bheith ina ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhfuil mar shampla, cuspóir leighis, cuspóir eolaíochta nó cuspóir eile comhchosúil ag gabháil leis. Leis sin freisin, ceadaítear gníomhaíochtaí a dhéantar faoi chumhachtaí dlí tíre, amhail ~~phomagrafaíocht~~ ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith ina seilbh go dlisteanach ag na húdaráis chun imeachtaí coiriúla a sheoladh nó chun coireacht a chosc, a bhrath nó a fhiosrú, nó gníomhaíochtaí a dhéanann eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí. [...] I gcomhthéacs na lámhleabhar nó na dtreoirleabhar ina dtugtar comhairle maidir le cionta a chumhdaítear faoin Treoir seo, leis an téarma ‘nuair a dhéantar gan cheart é’ cuirtear ar chumas na mBallstát cosaint a sholáthar iompar a bhaineann leis na lámhleabhair sin, i gcás ina bhfuil cuspóir dlíthiúil leo, mar shampla bailiú faisnéise chun coir a thuairisciú, nó aidhm inchosanta leighis nó eolaíoch nó aidhmeanna inchosanta comhchosúla eile. Féadfar a chumdach leis sin gníomhaíochtaí lena bhfuil údar soiléir, mar shampla lámhleabhar a bheith á roinnt ag tuismitheoir amháin le tuismitheoir eile. Cinnfidh na Ballstáit i gcomhréir lena ndlí náisiúnta faoi seach an mbeidh eagraíochtaí neamhrialtasacha, institiúidí leathphríobháideacha nó institiúidí poiblí údaráithe chun na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh. Is faoi na Ballstáit a bheidh sé freisin a chinneadh an mbeidh an eagraíocht iomlán nó daoine aonair áirithe ag obair ar son agus faoi fhreagracht na n-institiúidí sin údaráithe chun na gníomhaíochtaí a dhéanamh.

I gcás ina ndéanfar foráil ina leith sa dlí náisiúnta, ba cheart do na Ballstáit agus do chomhlachtaí, gníomhaireachtaí agus institiúidí an Aontais ag obair na n-eagraíochtaí atá ag gníomhú ar mhaithe le leas an phobail i gcoinne na mí-úsáide leanaí a mholadh, is é sin eagraíochtaí a fhaigheann tuairiscí ón bpobal maidir le hábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí nó a éascaíonn baint na n-ábhar sin agus imscrúdú na gcionta. I gcás ina ndéanann na heagraíochta athbheithniú, anailís nó próiseáil eile ar ábhar ar mí-úsáid leanaí é chun é a bhaint nó chun imscrúdú a dhéanamh air, agus iad ag gníomhú ar mhaithe le leas an phobail, níor cheart an phróiseáil sin a choiriúlú. ☹ ➡ D'fhéadfadh an méid a leanas ☹, go háirithe, a bheith san áireamh leis na gníomhaíochtaí sin: tuairiscí maidir le hábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí amhrasta a ghlacadh, a chruthú, agus anailís a dhéanamh orthu, lena n-áirítear an cinneadh maidir le suíomh óstála an ábhair dá dtagraítear sna tuairiscí, ar tuairiscí iad a chuireann úsáideoirí ar líne nó eagraíochtaí eile atá ag gníomhú ar mhaithe le leas an phobail in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí faoina mbráid, chomh maith le cuardaigh ➡ ar sheirbhísí óstála a dhéanamh ar ábhar ar a bhfuil rochtain ag an bpobail ☹ chun scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhrath, ⇐ agus ➡ úsáid á baint acu as tuairiscí maidir le hábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí amhrasta a chuireann íospartaigh, úsáideoirí ar líne nó eagraíochtaí eile faoina mbráid agus iad ag gníomhú ar mhaithe le leas an phobail in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí. ☹

Thairis sin, ní chuirtear as an áireamh leis ~~sin~~ ☒ an téarma 'gan cheart' ☒ cosaintí dlíthiúla ná prionsabail ábhartha comhchosúla lena mbaintear freagracht de dhuine faoi imthosca sonracha, ~~mar shampla i gcásanna ina ndéantar gníomhaíochtaí ar bheolín~~ ~~teileafóin nó ar bheolín~~ ~~Idirlín chun na cásanna sin a thuairisciú~~ ➡ **mar shampla gníomhaíochtaí a dhéanann beolín teileafóin nó idirlín chun na cásanna sin a thuairisciú.** ☹

- (21) Maidir le rochtain ar ~~pornagrafaíocht~~ ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a fháil go feasach, trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, ba cheart é sin a choiriúlú. Le bheith faoi dhliteanas, ba cheart é a bheith ar intinn ag an duine [...] suíomh ar líne a rochtain ~~shuíomh~~ ina bhfuil ~~pornagrafaíocht~~ ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar fáil agus go mbeadh a fhios ag an duine roimh ré go bhfuil an t-ábhar ~~na híomhánna~~ sin ar fáil ann. Níor cheart pionóis a ghearradh ar dhaoine a dhéanann rochtain de thaisme ar ~~shuíomhanna~~ shuíomhanna ar líne ar a bhfuil ~~pornagrafaíocht~~ ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí. Féadfar a thuiscint go go ndearnadh an cion d'aon ghnó go háirithe más rud é gur cion a rinneadh arís agus arís eile é nó go ndearnadh an cion trí úsáid a bhaint as seirbhís ar íocaíocht.

↓ 2011/93/AE aithris 19

⇒ nua

⇒ an Chomhairle

- (22) Is bagairt a bhfuil gnéithe sonracha ag gabháil léi atá i sirtheoireacht leanaí chun críoch gnéasach i gcomhthéacs an Idirlín, ós rud é go dtugtar anaithnideacht nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe d'úsáideoirí leis an Idirlíon, toisc gur féidir leo a bhfíorchéannacht agus a dtréithe pearsanta, amhail a n-aois, a cheilt. ⇒ Le deich mbliana anuas, le húsáid teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, tá rochtain níos éasca ag ciontóirí ar leanaí, agus is minic a thosaítear an teagmháil nuair a ⇒ [...] ⇐ dhéanann an ciontóir ⇒ sirtheoireacht ⇐ ar an leanbh chuig cora míchuibhiúla, mar shampla trí lígean air gur piaraí é nó trí iompar eile dallamullógach nó moltach. Mar thoradh ar an rochtain mhéadaithe sin ar leanaí tá fás tapa tagtha ar fheiniméin amhail 'comhéigean gnéis' (i.e. an bhagairt ábhar dlúthphearsanta ina léirítear an t-íospartach a chomhroinnt chun airgead, ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí nó aon tairbhe eile a fháil), rud a dhéanann difear do leanaí faoin aois toilithe gnéis agus os a cionn. Tá borradh tagtha le blianta beaga anuas ar chomhéigean gnéis a bhfuil cúiseanna airgid mar bhunús leis arna dhéanamh ag grúpaí coireachta eagraithe a dhíríonn go háirithe ar bhuachaillí sna déaga, agus mar thoradh air sin chuir go leor de na leanaí sin lámh ina mbás féin. Dá bhrí sin tá sé ríthábhachtach go gcumhdófaí na feiniméin sin go léir go hiomchuí i ndlí na mBallstát. ⇐ . ⇒ Áirítear leis sin comhéigean gnéis le húsáid ábhar gnéasach gáirsiúil féinghinte agus ábhar gnéasach gáirsiúil arna tháirgeadh le toil an linbh ach gan é a bheith ar intinn ag an leanbh go ndéanfaí an t-ábhar a nochtadh do thríú daoine nó don phobal. Ba cheart sirtheoireacht ar líne arna déanamh ag duine fásta a choiriúlú i gcás ina ndéantar sin chun bualadh le leanbh nach bhfuil aois an toilithe gnéis slánaithe aige nó aici chun cion gnéasach a dhéanamh. I gcás ina molann piar bualadh le chéile chun críoch gníomhaíochtaí gnéis comhthoiliúla, agus nach bhfuil mí-úsáid, teacht i dtír, comhéigean ná fórsa i gceist, beidh an rogha ag na Ballstáit a chinneadh an ceart sin a bheith inphionóis. ⇐ An tráth céanna, aithníonn na Ballstáit an tábhacht a bhaineann le sirtheoireacht linbh lasmuigh de chomhthéacs an Idirlín a chomhrac, go háirithe i gcás nach ndéantar an tsirtheoireacht sin trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide. Maidir leis an iompar i gcás ina ndéantar sirtheoireacht linbh i láthair an linbh nó i ngaireacht dó chun go mbuailfeadh sé leis an gciontóir chun críoch gnéasach, mar shampla i bhfoirm chion ullmhaitheach ar leith, i

bhfoirm iarraidh ar na cionta dá dtagraítear sa Treoir seo a dhéanamh nó i bhfoirm ar leith den mhí-úsáid ghnéasach, iarrtar ar na Ballstáit an t-iompar sin a choiriúlú. Cibé acu réiteach dlíthiúil a roghnófar chun ‘mealltóireacht as líne’ a choiriúlú, ba cheart do na Ballstáit déantóirí na gcionta sin a ionchúiseamh.

PUBLIC

↓ nua

↻ an Chomhairle

(23) I bhfianaise na bhforbairtí teicneolaíochta le déanaí agus, go háirithe, i bhfianaise fhorbairt na dtimpeallachtaí réaltachta breisithe, réaltachta leathnaithe agus réaltachta fíorúla, níor cheart coiriúlú sirtheoireachta leanaí ↻ nach bhfuil an aois toilithe collaí slánaithe acu ↻ a theorannú do chomhráite gutha, téacs nó poist, ach ba cheart teagmhálacha nó malartuithe i dtimpeallachtaí réaltachta breisithe, réaltachta leathnaithe nó réaltachta fíorúla a áireamh freisin, chomh maith le sirtheoireacht leanaí ar mhórsála trí úsáid a bhaint as botaí comhrá atá oilte chun na críche sin, ós rud é go meastar go dtiocfaidh méadú ar an bhfeiniméan sin féin i bhfianaise éabhlóid intuartha na bhfeidhmchlár intleachta saorga. Dá bhrí sin, ba cheart ‘trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide’ a thuiscint ar bhealach atá leathan go leor chun na forbairtí teicneolaíochta sin go léir a chumhdach.

↻ an Chomhairle

(23a) Is minic freisin a tharchuirtear mí-úsáid ghnéasach leanaí bheo ar líne chuig breathnóir trí bhíthin sruthú idirlín, le cabhair ó na meáin shóisialta nó feidhmchláir teachtaireachtaí. Mar thoradh ar fhorbairt na nascachta domhanda agus na ngaireas sruthaithe, tá méadú ag teacht freisin ar an mbeosruthú a dhéantar ar mhí-úsáid leanaí. Is féidir a áireamh leis an mbeosruthú sin mí-úsáid leanbh amháin nó níos mó ‘i bpearsa’, a tharchuirtear ar líne, nó leanbh ar a gcuirtear iallach air gníomhartha gnéasacha a dhéanamh os comhair ceamara gréasáin. Ciallaíonn sé sin go dtarchuirtear na sonraí láithreach chuig an mbreathnóir, ar féidir leis nó léi féachaint orthu agus idirgníomhú leo le linn don mhí-úsáid a bheith ag tarlú. Ní fhágann an beosruthú sin aon rian ar an ngaireas toisc nach ndéantar aon chomhad a íoslódáil. Fágann sé sin gur mó a mheasann ciontóir a bhfuil sé i gceist aige airgead nó comaoin eile a thabhairt nó a thugann airgead nó comaoin eile, go bhfuil sé nó sí saor ó phionós, agus cruthaíonn sé dúshláin shonracha don imscrúdú i ndiaidh an imeachta, go háirithe a mhéid a bhaineann le haisghabháil fianaise agus sainaitheint íospartach agus ciontóirí. Ba cheart do na Ballstáit an t-iompar sin a choiriúlú.

(23b) Maidir le seirbhís sochaí faisnéise a bheith á hoibriú agus á riar chun críoch mí-úsáide leanaí nó teacht i dtír ar leanaí, is cúis thábhachtach é sin leis an gcoiriúlacht thromchúiseach a thagann faoi Treoir seo. Dá bhrí sin, ba cheart é a choiriúlú i gcás ina gceaptar nó ina n-oiriúnaítear seirbhís chun déanamh na gcionta nithiúla a thagann faoin Treoir seo a éascú. San áireamh le hoibriú agus riar seirbhíse sochaí faisnéise tá na gníomhaíochtaí a bhaineann le bainistiú agus eagrú na seirbhíse sin.

↓ 2011/93/AE aithris 20 (oiriúnaithe)

⇒ nua

🔄 an Chomhairle

(24) Ní rialaítear leis an Treoir seo beartais na mBallstát maidir le gníomhaíochtaí gnéasacha comhthoiliúla a bhféadfadh leanaí a bheith rannpháirteach iontu agus ar féidir iad a mheas a bheith ina gcuid den ghnáthphróiseas foghlama gnéis le linn forbairt dhaonna, agus aird á tabhairt ar na traidisiúin éagsúla chultúrtha agus dhlíthiúla agus ar dhóigheanna nua chun caidreamh i measc leanaí agus ógánach a bhunú agus a chothú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide. ~~Tá na saincheistanna sin lasmuigh de raon feidhme na Treoraí seo.~~ Maidir leis na Ballstáit a bhainfidh leas as na féidearthachtaí dá dtagraítear sa Treoir seo, déanfaidh siad amhlaidh agus a n-inniúlachtaí á bhfeidhmiú acu. ⇒ Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann gníomhaíochtaí gnéasacha comhthoiliúla a bhaineann 🔄 [...] 🔄 le leanaí os cionn na haoise toilithe gnéis a dhíolmhú ó choiriúlú, chomh maith le gníomhaíochtaí gnéasacha comhthoiliúla lena mbaineann 🔄 leanaí agus a 🔄 bpiaraí. Tá sé beartaithe leis na leasuithe ar 🔄 [...] 🔄 🔄 an bhforáil sin 🔄 raon feidhme an mhaolaithe a shoiléiriú. 🔄 [...] 🔄 ⇐ 🔄 Ní mór, agus an maolú sin á chur i bhfeidhm, rioscaí a chur san áireamh, é sin rioscaí a bhaineann le hábhar gnéasach féinghinthe a chruthú agus a bheith á roinnt idir leanaí a bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe agus daoine fásta nó idir leanaí agus a bpiaraí. 🔄

↓ 2011/93/AE aithris 21

↻ an Chomhairle

- (25) Ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le himthosca géaraitheacha ina ndlí náisiúnta i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme arna mbunú lena gcórais dlí maidir le himthosca géaraitheacha. ↻ [...] ↻ Ba cheart coincheap na n-imthosca géaraitheacha a thuiscint mar fíorais lena gcuirtear ar chumas an bhreithimh pianbhreith níos airde a ghearradh i leith an chiona chéanna ná an phianbhreith a ghearrtar de ghnáth gan na fíorais sin, nó mar an fhéidearthacht déileáil le roinnt cionta go carnach chun leibhéal an pionóis a mhéadú. Dá bhrí sin, níor cheart é a bheith d'oibleagáid ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le himthosca géaraitheacha sonracha i gcás ina ndéantar foráil sa dlí náisiúnta maidir le cionta coiriúla ar leithligh agus d'fhéadfadh pionóis níos tromchúisí a bheith mar thoradh air sin. ↻

↻ an Chomhairle

- (25a) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar foráil maidir le ceann amháin ar a laghad de na himthosca géaraitheacha dá bhforáiltear sa Treoir seo mar imthoisce ghéaraitheach a d'fhéadfadh a bheith ann i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme ina gcóras dlí. In aon chás, ba cheart é a bheith de rogha ag an mbreitheamh nó ag an gcúirt a chinneadh an phianbhreith a mhéadú nó a laghdú, agus na himthosca sonracha i ngach cás aonair á gcur san áireamh.

↓ 2011/93/AE aithris 22

- (26) Maidir le héagumas fisiciúil nó meabhrach faoin Treoir seo, ba cheart é a mheas mar ní lena n-áirítear freisin an staid mhíchumais fhisiciúil nó mheabhraigh ina bhfuil duine mar thoradh ar thionchar drugaí agus alcóil.

2011/93/AE aithris 23 (oiriúnaithe)

⇒ nua

↻ an Chomhairle

- (27) Agus an teacht i dtír gnéasach ar leanaí á chomhrac, ba cheart úsáid iomlán a bhaint as ionstraimí atá ann cheana maidir leis na fáltas ó choireacht a urghabháil agus a choigistiú, amhail Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta¹⁰ agus na Prótacail a ghabhann leis, Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa 1990 maidir le Sciúradh, Cuardach, Urghabháil agus Coigistiú a dhéanamh ar na Fáltas ó Choireacht, Cinneadh Réime 2001/500/CGB ón gComhairle ~~an 26 Meitheamh 2001 maidir le sciúradh airgid agus le hionstraimreachtaí agus fáltas ón gcoireacht a shainaithint, a rianú, a chalcadh, a urghabháil agus a choigistiú~~¹¹, agus Cinneadh Réime 2005/212/CGB ón gComhairle ~~an 24 Feabhra 2005 maidir le fáltas, ionstraimreachtaí agus réadmhaoin a bhaineann le coireacht a choigistiú~~¹² ⇒, agus Treoir (AE) 2024/1260 ~~ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle~~¹³ ⇐. Ba cheart spreagadh a thabhairt maidir le hionstraimreachtaí urghafa agus coigistithe, agus na fáltas ó na cionta dá dtagraítear sa Treoir seo a úsáid chun tacú le cúnaimh agus cosaint a thabhairt d'íospartaigh.

¹⁰ IO L 261, 6.8.2004, lch. 70

¹¹ Cinneadh Réime 2001/500/CGB ón gComhairle an 26 Meitheamh 2001 maidir le sciúradh airgid agus le hionstraimreachtaí agus fáltas ón gcoireacht a shainaithint, a rianú, a reo, a urghabháil agus a choigistiú (IO L 182, 5.7.2001, lch. 1.
ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2001/500/oj

¹² Cinneadh Réime 2005/212/CGB ón gComhairle an 24 Feabhra 2005 maidir le fáltas, ionstraimreachtaí agus maoin a bhaineann le coireacht a choigistiú (IO L 68, 15.3.2005, lch. 49, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2005/212/oj).

¹³ Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní (IO L 1260, 2.5.2024, lch. 1).

↓ 2011/93/AE aithris 24 (oiriúnaithe)

⇒ nua

⇒ an Chomhairle

- (28) Ba cheart íospairt thánaisteach a sheachaint maidir le híospartaigh na gcionta dá dtagraítear sa Treoir seo. ⇒ Mar shampla, agus gan difear a dhéanamh do na coimircí dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁴, ~~in. In~~ sna Ballstáit ina bhfuil striapachas nó rannpháirtíocht i bpornagrafaíocht inphionóis faoin dlí coiriúil náisiúnta, ba cheart é a bheith indéanta gan duine a ionchúiseamh ná pionóis a ghearradh air faoi na dlíthe sin i gcás ina ndearna an leanbh lena mbaineann na cionta sin mar thoradh é a bheith ina íospartach sa teacht i dtír gnéasach ar leanaí nó i gcás inar cuireadh iallach ar an leanbh a bheith rannpháirteach i ~~bpornagrafaíocht~~ ⇒ in ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí. ⇒ [...] ⇐ ⇐

↓ 2011/93/AE aithris 25

- (29) Mar ionstraim chomhfhogasaithe an dlí choiriúla, déantar foráil sa Treoir seo maidir le leibhéil na bpionós ar cheart feidhm a bheith acu gan dochar do bheartais shonracha na mBallstát maidir le hógchiontóirí.

¹⁴ Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 ar choimircí nós imeachta do leanaí ar daoine iad atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe in imeachtaí coiriúla (IO L 132, 21.5.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2016/800/oj>).

(29a) Agus fineálacha atá le forchur ar dhaoine dlítheanacha á gcinneadh ag na Ballstáit, i gcás ina roghnaíonn siad an critéar maidir le láimhdeachas domhanda iomlán duine dhlítheanaigh a chur chun feidhme, ba cheart dóibh a chinneadh an ndéanfaidh siad an láimhdeachas sin a ríomh bunaithe ar an mbliain ghnó roimh an mbliain ghnó ina ndearnadh an cion coiriúil nó ar an mbliain ghnó ina ndearnadh an cinneadh an fhíneáil a fhorchur. Ba cheart dóibh breithniú a dhéanamh freisin ar fhoráil a dhéanamh maidir le rialacha i gcásanna nach féidir méid fineála a chinneadh ar bhonn láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh sa bhliain ghnó roimh an mbliain ghnó ina ndearnadh an cion coiriúil, nó sa bhliain ghnó roimh bhliain ghnó an chinnidh chun an fhíneáil a fhorchur. Sna cásanna sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann critéir eile a chur san áireamh, mar shampla láimhdeachas domhanda iomlán i mbliain ghnó dhifriúil. I gcás ina n-áirítear sna rialacha sin méideanna socraithe fineálacha a shocrú, níor cheart é a bheith riachtanach go sroichfeadh uasleibhéil na méideanna sin na leibhéil a bhunaítear sa Treoir seo mar an t-íoscheanglas le haghaidh uasleibhéil na bhfineálacha a shocraítear i méideanna socraithe.

(29b) I gcás ina roghnaíonn na Ballstáit uasleibhéil fineálacha a shocraítear i méideanna socraithe, ba ceart na leibhéil sin a leagan síos sa dlí náisiúnta. Ba cheart feidhm a bheith ag na leibhéil is airde de na fineálacha sin maidir leis na cineálacha is tromchúisí de na cionta coiriúla arna ndéanamh ag daoine dlítheanacha ag a bhfuil láidreacht airgeadais ar cionta iad a shainmhíntear sa Treoir seo. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann modh ríofa na leibhéil is airde de na fineálacha sin a chinneadh, lena n-áirítear coinníollacha sonracha lena n-aghaidh. Iarrtar ar na Ballstáit athbhreithniú rialta a dhéanamh ar leibhéil na bhfineálacha a shocraítear i méideanna socraithe ag féachaint do rátaí boilscithe agus do luaineachtaí eile ina luach airgeadaíochta, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos ina ndlí náisiúnta. Ba cheart do na Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu foráil a dhéanamh maidir le huasleibhéil fineálacha ina n-airgeadra a chomhfhreagraíonn do na leibhéil a chinntear sa Treoir seo in euro ar dháta a teacht i bhfeidhm. Iarrtar ar na Ballstáit sin athbhreithniú rialta a dhéanamh ar leibhéil na bhfineálacha freisin maidir le hathruithe ar an ráta malairte.

(29c) A mhéid atá iompar ar cion coiriúil é mar a shainmhínítear sa Treoir seo inchurtha i leith daoine dlítheanacha, ba cheart na daoine dlítheanacha sin a chur faoi dhliteanas i leith an chionta sin. Chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit a ndéantar foráil ina ndlí maidir le dliteanas coiriúil daoine dlítheanacha a áirithiú go ndéantar foráil ina ndlí maidir le cineálacha agus leibhéil pionós coiriúil atá éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach mar a leagtar síos sa Treoir seo. Chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit nach ndéantar foráil lena ndlí maidir le dliteanas coiriúil daoine dlítheanacha a áirithiú go ndéantar foráil lena ndlí maidir le cineálacha agus leibhéil pionós neamhchoiriúil atá éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach mar a leagtar síos sa Treoir seo. Na huasleibhéil fíneálacha dá bhforáiltear sa Treoir seo le haghaidh na gcionta coiriúla a shainítear inti, ba cheart feidhm a bheith acu ar a laghad maidir leis na foirmeacha is tromchúisí de na cionta sin. Ba cheart tromchúis an iompair, chomh maith le himthosca aonair agus airgeadais agus imthosca eile na ndaoine dlítheanacha lena mbaineann, a chur san áireamh chun a áirithiú go mbeidh an pionós a ghearrtar éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann uasleibhéil na bhfíneálacha a shocrú mar chéatadán de láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh lena mbaineann, nó i méideanna seasta. Ba cheart do na Ballstáit a chinneadh cé acu den dá rogha sin a úsáidfidh siad agus an Treoir seo á trasú acu.

(29d) Tá bunú uasleibhéil na bhfíneálacha gan dochar do rogha na mbreithiúna nó na gcúirteanna in imeachtaí coiriúla pionóis iomchuí a ghearradh i gcásanna aonair. Ós rud é nach mbunaítear aon íosleibhéil fíneálacha leis an Treoir seo, ba cheart do na breithiúna nó do na cúirteanna, in aon chás, pionóis iomchuí a ghearradh agus imthosca aonair, airgeadais agus eile an duine dhlítheanaigh lena mbaineann agus tromchúis an iompair á gcur san áireamh.

2011/93/AE aithris 26

an Chomhairle

- (30) Maidir le cionta a imscrúdú agus cúisimh a thabhairt in imeachtaí coiriúla, ba cheart iad sin a éascú, chun an deacracht a bhíonn ag íospartaigh linbh mí-úsáid ghnéasach a thuairisciú agus an deacracht maidir le hanaitnideacht ciontóirí sa chibearspás a chur san áireamh. Chun a áirithiú go n-éireoidh le himscrúduithe agus le hionchúisimh na gcionta dá dtagraítear sa Treoir seo, níor cheart go mbeadh a dtionscnamh ag brath, i bprionsabal, ar thuairisc ná ar líomhain ó íospartach ná óna ionadaí. ~~Ba cheart fad na tréimhse ama atá leordhóthanach don ionchúiseamh a chinneadh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.~~ **Ba cheart fad na tréimhse ama atá leordhóthanach don ionchúiseamh a chinneadh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.**

↓ nua

↻ an Chomhairle

- (31) Is minic nach mbíonn íospartaigh na mí-úsáide gnéasaí leanaí agus an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí in ann an choir a thuairisciú go ceann [...] na mblianta tar éis a déanta mar gheall ar an náire, an chiontacht agus an féinmhilleán a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis an stíogma sóisialta agus cultúrtha, i measc nithe eile, atá fós ag gabháil le mí-úsáid ghnéasach, an rúndacht ina dtarlaíonn an mhí-úsáid, iompar bagrach nó milleánach ón déantóir, agus/nó tráma. Maidir le déantóirí na mí-úsáide gnéasaí agus an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí, murab ionann agus déantóirí coireanna foréigneacha eile, bíonn siad gníomhach go dtí an tseanaois de ghnáth, agus is bagairt ar leanaí i gcónaí iad. I bhfianaise an mhéid sin, ní féidir cionta a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach, agus cúnamh agus tacaíocht iomchuí a thabhairt d'íospartaigh, ach amháin má cheadaíonn reachtanna na dtréimhsí d'íospartaigh an choir a thuairisciú ar feadh tréimhse an-fhada ama. Ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú nach rachaidh reacht na dtréimhsí chun imeachtaí a thionscnamh in éag go dtí go mbainfidh an t-íospartach lán-aois móide líon leordhóthanach blianta amach i gcomhréir leis an Treoir seo, gan dochar do rialacha náisiúnta nach leagann síos tréimhsí teorann le haghaidh scrúdú, ionchúiseamh agus forfheidhmiú. Fad a ráthaítear é sin, tá saoirse ag na Ballstáit tús agus fad reachtanna a dtréimhsí a chinneadh i gcomhréir lena gcóras dlí náisiúnta. Mar shampla, is féidir breithniú a dhéanamh ar an bhfad ama a chuirfear ar fionraí an tréimhse theorann nó nach dtosóidh sí, tar éis na cora, go dtí go mbaineann an t-íospartach aois áirithe amach de réir an dlí náisiúnta. Cheadaítear do na Ballstáit faoin Treoir seo tréimhsí teorann a bhunú atá níos giorra ná na tréimhsí a leagtar síos sa Treoir seo, ar choinníoll gur féidir ina gcórais dlí na tréimhsí teorann níos giorra sin a bhriseadh nó a chur ar fionraí i gcás gníomhartha is féidir a shonrú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

2011/93/AE aithris 27 (oiriúnaithe)

nua

an Chomhairle

- (32) Ba cheart uirlisí imscrúdaithe éifeachtacha a chur ar fáil dóibh siúd atá freagrach as an imscrúdú a dhéanamh agus as na cionta dá dtagraítear sa Treoir seo a ionchúiseamh. D'fhéadfaí na nithe seo a leanas a áireamh i measc na n-uirlisí sin: idircheapadh cumarsáidí, faireachas ceilte lena n-áirítear faireachas leictreonach, faireachán ar chuntais bainc agus imscrúduithe airgeadais eile, agus, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme, rochtain ar shonraí coimeádta maidir le suibscríobhaí, rochtain agus suíomh, agus prionsabal na comhréireachta agus cineál agus tromchúis na gcionta atá faoi imscrúdú á gcur san áireamh, *inter alia*. I gcás inarb iomchuí, agus i I gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ba cheart a áireamh freisin leis na huirlisí sin an fhéidearthacht go mbainfeadh údaráis fhorfheidhmithe dlí úsáid as céannacht cheilte ar an Idirlíon. Ba cheart do na húdaráis inniúla sin faisnéis a roinnt lena chéile maidir le saincheisteanna a thagann chun cinn in imscrúduithe agus ionchúisimh. I gcás inarb iomchuí, ba cheart uirlisí imscrúdaitheacha speisialta a áireamh leis na huirlisí sin, amhail na huirlisí sin a úsáidtear chun coireacht eagraithe nó cásanna eile coireachta tromchúisí a chomhrac, mar shampla an fhéidearthacht imscrúduithe faoi cheilt a dhéanamh. Chun a áirithiú go ndéanfar imscrúdú agus ionchúiseamh go héifeachtach, ba cheart do na Ballstáit breathnú ar chreata dlúthchomhair a sholáthar le haghaidh seirbhísí airgeadais agus soláthraithe seirbhíse eile ábhartha lena n-áirítear soláthraithe seirbhísí beoshruthaithe. Leis sin, laghdófaí an tsaoirse ó phionós agus áiritheofaí gur féidir na cionta uile a chumhdaítear leis an Treoir seo a imscrúdú go héifeachtach trí uirlisí agus acmhainní spriocdhírthe cuí a úsáid.

nua

an Chomhairle

- (33)

↓ 2011/93/AE aithris 28

⇒ nua

⇒ an Chomhairle

- (34) Ba cheart do na Ballstáit aon duine a bhfuil eolas aige nó a bhfuil amhras air faoi mhí-úsáid ghnéasach leanaí nó faoi theacht i dtír gnéasach ar leanaí a spreagadh chun an t-eolas nó an t-amhras sin a thuairisciú do na seirbhísí inniúla. ⇒ Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit faisnéis a chur ar fáil do leanaí maidir leis an bhféidearthacht an mhí-úsáid a thuairisciú, lena n-áirítear do línte cabhracha. ⇐ Is ar gach Ballstát atá an fhreagracht cinneadh a dhéanamh maidir le cé hiad na húdaráis inniúla ar cheart an t-amhras sin a thuairisciú dóibh. Níor cheart na húdaráis inniúla sin a bheith teoranta do sheirbhísí cosanta leanaí nó do sheirbhísí sóisialta ábhartha ⇒, ach d'fhéadfaí a áireamh iontu oifigí leasa óige, mar shampla ⇐. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an gceanglas amhrais 'de mheon macánta' cosc a chur ar an bhforáil a agairt chun údarú a thabhairt do líomhaintí atá go hiomlán samhailteach nó bréagach agus a dhéantar de mheon mailíseach.

(34a) I gcás mí-úsáid ghnéasach leanaí nó teacht i dtír gnéasach ar leanaí, go háirithe i gcás ina ndéanann dlúthbhaill teaghlaigh nó dlúthpháirtithe é, d'fhéadfadh íospartaigh a bheith faoin méid sin éigeantais ón gciontóir go bhfuil eagla orthu teagmháil a dhéanamh leis na húdaráis inniúla, agus a saol i mbaol, fiú. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach bhfuil a rialacha rúndachta ina mbacainn ar ghairmithe oibríonn i ndlúth-theagmháil le leanaí tuairisciú do na húdaráis inniúla, i gcás ina bhfuil forais réasúnacha acu lena chreidiúint go bhfuil an leanbh ina íospartach nó go bhféadfadh a leanbh a bheith ina íospartach faoin Treoir seo. Tá údar leis an tuairisciú sin toisc go bhféadfadh sé nach ndéanadh na daoine sin a dtarlaíonn na gníomhartha sin dóibh, nó a fheiceann go díreach na gníomhartha sin, iad a thuairisciú. Ar an gcaoi chéanna, is minic nach ndéanann tríú páirtithe cionta in aghaidh leanaí a bhrath ach amháin i gcás ina dtugann said faoi deara iompar neamhrialta nó díobháil fhisiciúil a rinneadh don leanbh. Ní mór leanaí a chosaint go héifeachtach ar na cineálacha foréigin sin agus bearta leordhóthanacha a dhéanamh go pras. Dá bhrí sin, níor cheart gairmithe a bhíonn i dteagmháil le híospartaigh linbh, lena n-áirítear gairmithe cúraim sláinte, seirbhísí sóisialta nó oideachais, a bheith srianta ag rialacha rúndachta i gcás ina bhfuil forais réasúnacha acu lena chreidiúint go ndearnadh díobháil thromchúiseach do leanbh nó go bhféadfadh sé go ndéanfaí sin. I gcás ina dtuairiscíonn gairmithe mí-úsáid nó teacht i dtír mar sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach bhfuil siad faoi dhliteanas i leith sárú rúndachta. Mar sin féin, ba cheart pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil a chosaint, i gcomhréir le hAirteagal 7 den Chairt, mar is cuí i bhfianaise an róil bhunúsaigh a shanntar do dhlíodóirí i sochaí dhaonlathach.

- (35) Ba cheart rialacha maidir le dlínse a leasú chun a áirithiú go ndéanfar daoine atá rannpháirteach i mí-úsáid ghnéasach leanaí ón Aontas nó i dteacht i dtír gnéasach ar leanaí ón Aontas a ionchúiseamh fiú má dhéanann siad na coireanna lasmuigh den Aontas, go háirithe trí thurasóireacht ghnéis, mar a thugtar air. Ba cheart teacht i dtír gnéasach ar leanaí sa taisteal agus sa turasóireacht ~~turasóireacht ghnéis leanaí~~ a thuiscint mar theacht i dtír gnéasach ar leanaí ag duine nó daoine a thaistealaíonn amach as a ngnáth-thimpeallacht chuig áit thar lear ina a mbíonn caidreamh gnéasach acu le leanaí. I gcás ina dtarlaíonn ~~turasóireacht ghnéis leanaí~~ teacht i dtír gnéasach ar leanaí sa taisteal agus sa turasóireacht lasmuigh den Aontas, iarrtar ar na Ballstáit iarracht a dhéanamh, trí na hionstraimí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ar fáil, lena n-áirítear conarthaí déthaobhacha agus iltaobhacha maidir le heiseachadadh, cúnamh frithpháirteach nó aistriú na n-imeachtaí agus comhar le tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a mhéadú d'fhonn turasóireacht ghnéis a chomhrac. Ba cheart do na Ballstáit idirphlé oscailte agus cumarsáid le tíortha lasmuigh den Aontas a chothú chun bheith in ann déantóirí na gcionta a thaistealaíonn lasmuigh de theorannacha an Aontais chun críoch ~~turasóireachta ghnéis leanaí~~ teacht i dtír gnéasach ar leanaí sa taisteal agus sa turasóireacht a ionchúiseamh faoin reachtaíocht náisiúnta ábhartha.

2011/93/AE aithris 30

nua

an Chomhairle

- (36) Ba cheart bearta a dhéanamh chun íospartaigh linbh a chosaint ar bhealach cuimsitheach chun a leasa, agus measúnú ar a gcuid riachtanas á chur san áireamh. Tá gá le cur chuige uile-shochaí chun leanaí a chosaint go héifeachtach. Leis an leanbh ag an gcroílár, ba cheart do na húdaráis agus na seirbhísí ábhartha uile oibriú le chéile chun an leanbh a chosaint agus chun tacú leis, chun a leasa féin. ⇒ Tá an tsamhail ‘Barnahus’ a bhaineann le timpeallacht lena dtacaítear le leanaí a sholáthar a bhfuil speisialtóirí ó gach disciplín ábhartha ag obair inti, ⇒ [...] ⇒ ar cheann de roinnt ⇒ [...] ⇒ samplaí ⇒ ardleibhéil faoi láthair de chur chuige lena dtacaítear le leanaí i leith an cheartais agus chun athíospairt a sheachaint. Tá forálacha ábhartha na Treorach seo bunaithe ar phrionsabail na samhla sin. Is é is aidhm don tsamhail sin a áirithiú go bhfaighidh gach leanbh atá rannpháirteach in imscrúduithe maidir le mí-úsáid leanaí nó teacht i dtír gnéasach ar leanaí measúnú ardchaighdeáin i dtimpeallachtaí atá fabhrach do leanaí, as tacaíocht shíceasóisialta iomchuí agus as seirbhísí cosanta leanaí. Leis an Treoir seo, féachtar lena áirithiú go seasfaidh na Ballstáit uile leis na prionsabail sin, cé nach gceanglaítear léi i ndáiríre ar na Ballstáit samhail Barnahus a leanúint. I gcás inar gá scrúduithe leighis a dhéanamh ar an leanbh chun críocha na n-imscrúduithe coiriúla, mar shampla chun fianaise ar mhí-úsáid a bhailiú, ⇒ is iad gairmithe atá oilte chuige sin i gcomhréir le caighdeáin náisiúnta do ghairm an leighis ba cheart na scrúduithe sin a dhéanamh. ⇒ [...] ⇒ Níor cheart go gcuirfeadh an oibleagáid sin cosc ar scrúduithe leighis eile atá riachtanach ar mhaithe le leas an linbh. ⇐ Ba cheart rochtain éasca a bheith ag íospartaigh linbh ⇒ ar cheartas lena dtacaítear le leanaí, ⇐ ar leigheasanna dlí agus ar bhearta chun aghaidh a thabhairt ar choinbhleachta leasa i gcásanna ina ndéantar mí-úsáid ghnéasach leanaí nó teacht i dtír gnéasach ar leanaí laistigh den teaghlach. I gcás inar cheart ionadaí speisialta a cheapadh do leanbh le linn imscrúdú coiriúil nó le linn imeacht coiriúil, d’fhéadfadh duine dlítheanach, institiúid nó údarás an ról sin a chomhlíonadh freisin. Thairis sin, ba cheart íospartaigh linbh a chosaint ó phionóis, mar shampla faoi reachtaíocht náisiúnta maidir le striapachas, má dhéanann siad aird na n-údarás inniúil a

tharraingt ar a gcás. Ina theannta sin, níor cheart, a mhéid is féidir, tráma breise a chruthú d'íospartaigh linbh mar thoradh ar a rannpháirtíocht in imeachtaí coiriúla, mar thoradh ar agallaimh ná ar theagmháil amhaire le ciontóirí. ⇒ ☞ I gcás inarb iomchuí agus gan dochar don neamhspleáchas breithiúnach, ☹ ba cheart oiliúint a chur ar na húdaráis uile a bhfuil baint acu leis na himeachtaí i gceartas lena dtacaítear le leanaí. ⇐ Le tuiscint mhaith ar leanaí agus ar a n-iompar nuair a bhíonn eispéiris thrámacha os a gcomhair, cuideofar lena áirithiú go mbaileofar fianaise ar ardchaighdeán agus go laghdófar an strus a chuirfear ar leanaí agus na bearta is gá á ndéanamh. ⇒ I gcás ina nglacann íospartaigh linbh páirt in imeachtaí coiriúla, ba cheart don chúirt a n-aois agus a n-aibíocht a chur san áireamh ☞ [...] ☹ i seoladh na n-imeachtaí agus ba cheart di a áirithiú go bhfuil na himeachtaí inrochtana agus sothuigthe don leanbh. ⇐

2011/93/AE aithris 31

nua

an Chomhairle

- (37) Féadfaidh na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar chúnamh géarrthéarmach agus fadtéarmach atá saincheaptha agus cuimsitheach a thabhairt d'íospartaigh linbh. Is suntasach an díobháil a dhéantar de dheasca mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanbh agus ba cheart aghaidh a thabhairt uirthi a luaithe is féidir tar éis chéad teagmháil an íospartaigh leis na húdaráis. Tá sé ríthábhachtach chúnamh láithreach a thabhairt d'íospartaigh roimh imscrúduithe agus imeachtaí coiriúla agus lena linn chun teorainn a chur leis an tráma fadtéarmach a bhaineann leis an mí-úsáid a fulaingíodh. Chun soláthar mear cúnaimh a éascú, lena n-áirítear na seirbhísí tacaíochta ábhartha a shainnithint, ba cheart do na Ballstáit an cúnamh a bhunú ar threoirlínte agus prótacail do ghairmithe cúraim sláinte, oideachais agus seirbhísí sóisialta, lena n-áirítear foireann na línte cabhrach. De dheasca chineál an dochair a bhíonn ann mar thoradh ar mhí-úsáid ghnéasach agus ar theacht i dtír gnéasach, ba cheart leanúint leis an gcúnamh sin a thabhairt chomh fada agus is gá le haghaidh théarnamh fisiciúil agus síceolaíoch an linbh agus féadfar leanúint leis más gá go dtí go mbeidh an leanbh ina dhuine fásta. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar chúnamh agus comhairle a thabhairt do thuismitheoirí, cúramóirí nó caomhnóirí na n-íospartach linbh i gcás nach bhfuil baint acu mar dhaoine atá faoi dhrochamhras maidir leis an gcion lena mbaineann, chun cuidiú leo cúnamh a thabhairt do na híospartaigh linbh i gcaitheamh na n-imeachtaí, fiú má tá aois an duine fhásta slánaithe acu.

↓ nua

↻ an Chomhairle

- (38) Is minic a mhaireann an tráma a eascraíonn as mí-úsáid ghnéasach leanaí agus as teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus na híospartaigh ina ndaoine fásta, rud a fhágann go mbíonn éifeachtaí fadtéarmacha ann a chuireann cosc go minic ar íospartaigh an cion a thuairisciú agus cúnamh agus tacaíocht a lorg ar feadh blianta fada. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit cúnamh gearrthéarmach agus fadtéarmach atá saincheaptha agus cuimsitheach a thabhairt ní hamháin d'íospartaigh linbh, ach freisin ↻ [...] ↻ d'íospartaigh ↻ fásta mí-úsáide gnéasaí leanaí agus teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí.

2011/93/AE aithris 32 (oiriúnaithe)

⇒ nua

⇒ an Chomhairle

- (39) Le ~~Cinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle an 15 Márta 2001~~ Treoir 2012/29/AE déantar tacar de chearta íospartach in imeachtaí coiriúla a bhunú, lena n-áirítear an ceart chun cosanta agus an ceart cinneadh a fháil maidir le cúiteamh ón gciontóir . Leis an togra le haghaidh athbheithniú ar an Treoir maidir le Cearta Íospartach, déantar foráil maidir le roinnt cearta íospartach [...] . I dteannta na gceart a bhunaítear faoin Treoir sin, ba cheart rochtain ar chomhairleoireacht dhlíthiúil agus, i gcomhréir le ról na n-íospartach sa chóras ábhartha ceartais, ar ionadaíocht dhlíthiúil, lena n-áirítear chun cúiteamh a éileamh [...] ón gciontóir , a thabhairt d'íospartaigh linbh na mí-úsáide gnéasaí leanaí, an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí agus ~~de phomagrafaíocht~~ an ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí. Is é is cuspóir do chomhairleoireacht dhlíthiúil a chur ar chumas na n-íospartach a bheith ar an eolas faoi na féidearthachtaí éagsúla atá ar fáil dóibh agus comhairle a fháil maidir leis na féidearthachtaí sin. [...] Ba cheart an fhéidearthacht rochtain a bheith ag íospartach ar chomhairle dhlíthiúil a bheith gan dochar don mhonaplacht a choinnítear i mBallstáit áirithe maidir leis an gcomhairle sin a bheith á cur ar fáil ag catagóirí áirithe daoine, go háirithe dlíodóirí. Ina theannta sin, is faoi na Ballstáit atá sé a chinneadh, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, an creat lena gcuirfear an chomhairle sin ar fáil agus an áit a gcuirfear ar fáil é.

↓ nua
↻ an Chomhairle

(40) ↻ [...] ↻

↓ nua
↻ an Chomhairle

(41) Féadfaidh na Ballstáit a roghnú comhlachtaí nó eintitis atá ann cheana a cheapadh, ↻ [...] ↻, mar údaráis náisiúnta nó mar shásraí coibhéiseacha faoin Treoir seo, a mhéid atá sé sin comhoiriúnach leis an ngá le háirithiú go ndéanfar na cúraimí a shanntar dóibh faoin Treoir seo go héifeachtach agus go hiomlán.

- (42) Ba cheart do na Ballstáit gníomhaíocht a dhéanamh chun gníomhartha a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chur chun cinn agus mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí sa taisteal agus sa turasóireacht turasóireacht ghnéis leanaí a chosc nó a thoirmeasc. D'fhéadfaí bearta coisctheacha éagsúla a bhreithniú, amhail cód iompair agus sásraí féinrialála i dtionscal na turasóireachta a tharraingt suas agus a atreisiú, cód eitice nó 'lipéid cháilíochta' nó beartas sanráite a chur ar bun le haghaidh eagraíochtaí turasóireachta a bhfuil ~~turasóireachta ghnéis leanaí á comhrac~~ mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí sa taisteal agus sa turasóireacht á gcomhrac acu. Ba cheart do na Ballstáit na huirlisí atá ar fáil dóibh faoi dhlí an Aontais, faoin dlí náisiúnta agus faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta a ghiairíl chun mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí sa taisteal agus sa turasóireacht trína gcríoch nó i dtreo a gcríche a chosc, go háirithe trí gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh tar éis dóibh faisnéis ábhartha a fháil ó thríú tíortha, lena n-áirítear seiceálacha breise a dhéanamh nó diúltú cead isteach a eisiúint i gcomhthéacs Rialachán (AE) 2018/1861 maidir le Córas Faisnéise Schengen (CFS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann¹⁵.

¹⁵ Rialachán (AE) Uimh. 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (CFS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 IO L 312, 7.12.2018, lgh. 14–55, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1861/oj>.

- (43) Ba cheart do na Ballstáit beartais a bhunú agus/nó a neartú chun mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc, lena n-áirítear bearta a dhéanamh chun an t-éileamh lena gcothaítear gach cineál teacht i dtír ar leanaí a dhíspreagadh agus a laghdú, agus bearta a dhéanamh chun laghdú ar dhéanamh ar an riosca go mbeadh leanaí ina n-íospartaigh, trí leas a bhaint as feachtais feasachta, ⇒ lena n-áirítear do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus don tsochaí i gcoitinne, ⇐ agus as cláir thaighde agus oideachais. Leis na tionscnaimh sin, ba cheart do na Ballstáit cur chuige bunaithe ar chearta an linbh a ghlacadh. Ba cheart aire a thabhairt chun a áirithiú go mbeidh na feachtais feasachta atá dírithe ar leanaí iomchuí agus sách sothuigte ⇒, agus saincheaptha do riachtanais shonracha leanaí ó aoisghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear leanaí réamhscoile. I mbearta coisctheacha ba cheart cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh i leith fheiniméan na mí-úsáide gnéasaí agus an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí, trí aghaidh a thabhairt ar na gnéithe a bhaineann leis ar líne agus as líne agus trí na páirtithe leasmhara ábhartha uile a shlógadh. Go háirithe i gcás na gné ar líne, ba cheart a áireamh ar na bearta forbairt scileanna litearthachta digití, lena n-áirítear rannpháirtíocht chriticiúil sa saol digiteach, chun cabhrú le húsáideoirí iarraidh ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a shainaithint agus aghaidh a thabhairt uirthi, tacaíocht a lorg agus an mhí-úsáid a chosc. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chosc a chur ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí agus ar theacht i dtír gnéasach ar leanaí a dtugtar aire dóibh i saoráid ghrúpa seachas i gcomhthéacs cúraim theaghlachbhunaithe ⇐. ☒ ☒ ~~A~~ I gcás nach bhfuil a leithéid i bhfeidhm cheana féin, ba cheart breithniú a dhéanamh ar línte cabhracha nó beolínne ⇒ tiomnaithe ⇐ a bhunú.

- (44) Maidir leis an gcóras chun mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a thuairisciú agus chun cabhrú le leanaí atá i ngátar, ba cheart na beolínite seo a leanas a chur chun cinn agus an taithí maidir lena bhfeidhmiú a chur san áireamh: 116 000 le haghaidh leanaí atá ar iarraidh, 116 006 le haghaidh íospartaigh na coireachta agus 116 111 do línte cabhracha le haghaidh leanaí, mar a tugadh isteach iad le Cinneadh 2007/116/CE ón gCoimisiún an 15 Feabhra 2007 maidir leis na huimhreacha dar tús 116 a choimeád mar uimhreacha comhchuibhithe le haghaidh seirbhísí comhchuibhithe a bhfuil luach sóisialta ag baint leo¹⁶.

- (45) Eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail sa chomhrac in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí, amhail comhaltaí líonra na mbeolínite INHOPE, tá siad gníomhach le blianta i roinnt Ballstát, agus iad ag comhoibriú le lucht forfheidhmithe dlí agus le soláthraithe chun an próiseas a bhaineann le hábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a bhaint agus a thuairisciú a éascú. Leis an obair sin, téitear i ngleic le hathíospart trí scaipeadh ábhair neamhdhleathaigh ar líne a theorannú, agus is féidir fianaise a sholáthar do lucht forfheidhmithe dlí maidir le coireanna a rinneadh. Mar sin féin, tá difríocht mhór idir an creat dlíthiúil ina n-oibríonn siad ó Bhallstát go chéile agus, in go leor cásanna, tá easpa ann maidir leis na cúraimí is féidir leis na heagraíochtaí sin a dhéanamh go dleathach a shainiú, chomh maith leis na coinníollacha ábhartha. ↻ [...] ↻ **Moltar do** ↻ na Ballstáit údarú a thabhairt do na heagraíochtaí sin na cúraimí ábhartha a dhéanamh, agus go háirithe ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a phróiseáil, agus sa chás sin níor cheart a mheas gur ‘gan cheart’ atá an phróiseáil. Spreagtar údaruithe den sórt sin de réir mar a mhéadaíonn siad an deimhneacht dhlíthiúil, chun an leas is fearr is féidir a bhaint as sineirgí idir údarais náisiúnta agus gníomhaithe eile atá rannpháirteach sa chomhrac in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí, agus chun tacú le cearta na n-íospartach trí ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhaint den timpeallacht dhigiteach phoiblí.

¹⁶ Cinneadh 2007/116/CE ón gCoimisiún an 15 Feabhra 2007 maidir leis an uimhriú náisiúnta dar tús 116 a choimeád mar uimhreacha comhchuibhithe le haghaidh seirbhísí comhchuibhithe a bhfuil luach sóisialta ag baint leo (IO L 49, 17.2.2007, lch. 30, ELI: [http://data.europa.eu/eli/dec/2007/116\(1\)/oj](http://data.europa.eu/eli/dec/2007/116(1)/oj)).

↓ 2011/93/AE aithris 36 (oiriúnaithe)

⇒ nua

- (46) Gairmithe ar dócha go mbeidh teagmháil acu le híospartaigh linbh na mí-úsáide gnéasaí agus an teacht i dtír ghnéasaigh, ba cheart oiliúint leordhóthanach a chur orthu maidir leis na híospartaigh a shainaithint agus déileáil leo. ⇒ Chun ceartas atá báúil le leanaí a áirithiú le linn cásanna de mhí-úsáid ghnéasach leanaí agus de theacht i dtír gnéasach ar leanaí a imscrúdú agus a ionchúiseamh, ba ~~↳~~ cheart an oiliúint sin a chur chun cinn do bhaill de na catagóirí seo a leanas nuair is dócha go dtiocfaidh siad i dteagmháil le híospartaigh linbh: póilíní, ionchúisitheoirí poiblí, dlíodóirí, comhaltaí de na breithiúna agus oifigigh chúirte, pearsanra cúraim leanaí agus sláinte, ⇒ gairmithe in earnáil an oideachais, lena n-áirítear san oideachas agus cúram luath-óige, seirbhísí sóisialta, soláthraithe tacaíochta íospartach agus seirbhísí ceartais aisiríoch, ~~↳~~ ach d'fhéadfadh baint a bheith acu freisin le grúpaí eile daoine ar dócha go dtiocfaidh siad ar íospartaigh na mí-úsáide gnéasaí agus an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí iad ina gcuid oibre.

↓ 2011/93/AE aithris 37

⇒ an Chomhairle

- (47) Chun mí-úsáid leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc, ba cheart cláir idirghabhála nó bearta a dhíreofaí ar chiontóirí gnéis a thairiscint do na daoine sin. Ba cheart cur chuige atá leathan, solúbtha agus lena ndíreofar ar na gnéithe leighis agus síceasóisialta agus a bheidh de chineál neamh-éigeantach a chomhlíonadh leis na cláir idirghabhála sin. Tá na cláir idirghabhála sin nó na bearta idirghabhála sin gan dochar do na cláir idirghabhála ná do na bearta idirghabhála arna bhforchur ag na húdaráis bhreithiúnacha inniúla. ⇒ Moltar do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na cláir agus na bearta inrochtana gan srianta míchuí agus i gcomhréir leis na caighdeáin náisiúnta. ●

↓ 2011/93/AE aithris 38

⇒ nua

↻ an Chomhairle

- (48) ~~Ní de cheart uathoibríoch a sholáthraítear cláir idirghabhála nó bearta idirghabhála.~~ Is faoin mBallstát atá sé cinneadh a dhéanamh maidir le cé hiad na cláir idirghabhála is ionchuí ⇒ [...] ↻ agus ba cheart dóibh a airithiú go bhfuil na cláir nó bearta sin inrochtana i gcomhréir le caighdeáin náisiúnta. Ina theannta sin, ba cheart rochtain a bheith ag daoine aonair ↻ a bhfuil eagla orthu ⇒ go bhféadfaidís ↻ cion a dhéanamh ⇒ [...] ↻ ar na cláir nó na bearta sin gan srianta míchuí ↻ [...] ↻ ↻

↓ 2011/93/AE aithris 39 (oiriúnaithe)

⇒ nua

- (49) Chun atitimeachas a chosc agus a laghdú, ba cheart ciontóirí a chur faoi mheasúnú ar an mbaol a bhaineann leis na ciontóirí agus ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann go ndéanfaidís cionta gnéasacha in aghaidh leanaí arís. Maidir le socruithe le haghaidh an mheasúnaithe sin, amhail cineál an údaráis atá inniúil chun an measúnú a ordú nó a dhéanamh nó an tráth, le linn na n-imeachtaí coiriúla nó ina ndiaidh, ar cheart an measúnú sin a dhéanamh mar aon le socruithe le haghaidh cláir idirghabhála éifeachtacha nó bearta éifeachtacha a chuirfí ar fáil i ndiaidh an mheasúnaithe sin, ba cheart na socruithe sin a bheith i gcomhréir le nósanna imeachta inmheánacha na mBallstát. Chun an cuspóir céanna a bhaint amach, is é sin atitimeachas a chosc agus a laghdú, ba cheart rochtain ar chláir nó bearta idirghabhála éifeachtacha a bheith ag ciontóirí ar bhonn saorálach. Níor cheart do na cláir idirghabhála sin ná do na bearta idirghabhála sin cur isteach ar scéimeanna náisiúnta a chuirtear ar bun chun déileáil le cóireáil daoine a bhfuil ~~neamhoird~~ ⇒ fadhbanna meabhairshláinte acu agus ba cheart iad a bheith inrochtana agus inacmhainne i gcomhréir le caighdeáin náisiúnta maidir le cúram sláinte, mar shampla maidir lena n-incháilitheacht le haghaidh aisíocaíochta faoi scéimeanna sláinte na mBallstát ↻.

2011/93/AE aithris 40 (oiriúnaithe)

⇒ nua

⇒ an Chomhairle

- (50) I gcás inarb iomchuí, mar gheall ar an mbaol a bhaineann leis na ciontóirí agus leis an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann go ndéanfaidís na cionta arís, ba cheart ciontóirí atá ciontaithe a chosc go sealadach nó go buan ar a laghad ó ghníomhaíochtaí gairmiúla a dhéanamh lena mbaineann teagmháil dhíreach agus rialta le leanaí ⇒ nó laistigh d'eagraíochtaí a oibríonn ar son leanaí nó d'eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail sa chomhrac in aghaidh mí-úsáide gnéasaí leanaí ⇐ . Maidir le fostóirí a bhfuil daoine á n-earcú acu le haghaidh post lena mbainfidh teagmháil dhíreach agus rialta le leanaí, ~~tá na fostóirí sin i dteideal a bheith curtha ar an eolas~~ ⇒ ba cheart do na fostóirí sin eolas a iarraidh ⇐ faoi chiontuithe i gcionta gnéasacha in aghaidh leanaí atá iontráilte sa taifead coiriúil, nó faoi aon dícháiliúchán atá ann. Chun críocha na Treorach seo, ba cheart **...** go gcumhdódh an téarma 'fostóirí' **fostaithe a oibríonn in earnálacha cosanta leanaí, an oideachais, an chúraim leanaí agus an chúraim sláinte agus** daoine a bhfuil eagraíocht á reáchtáil acu agus atá gníomhach in obair dheonach a bhaineann le maoirseacht a dhéanamh ar leanaí agus/nó le cúram leanaí lena mbaineann teagmháil dhíreach agus rialta le leanaí. **...** Féadfaidh na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, chun scagadh na ndaoine a mbíonn teagmháil dhíreach agus ócáideach acu le leanaí a chur chun cinn go gníomhach. Chun críocha na Treorach seo, léiríonn an téarma 'teagmhálacha rialta le leanaí' nach gcumhdaíonn sé ach gníomhaíochtaí le leanaí ar bhonn struchtúrtha. **...** Maidir leis an mbealach a ndéantar an fhaisnéis sin a sholáthar, amhail rochtain tríd an duine lena mbaineann mar shampla, agus ábhar beacht na faisnéise, an bhrí atá leis na gníomhaireachtaí saorálacha eagraithe agus an teagmháil dhíreach agus rialta le leanaí, ba cheart iad sin a leagan síos de réir an dlí náisiúnta. ⇒ Mar sin féin, ba cheart na taifid ábhartha uile atá stóráilte ag aon Bhallstát ina geláir náisiúnta um thaifid choiriúla, agus na taifid ábhartha uile is féidir a fháil go héasca ó thríú tíortha, amhail faisnéis is féidir a fháil ón Ríocht Aontaithe tríd an gcainéal arna bhunú i gcomhréir le Teideal IX de Chuid a Trí den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, ba cheart na taifid sin a bheith san fhaisnéis a tharchuirtear ó údarás inniúil amháin chuig údarás inniúil eile¹⁷. ⇐

¹⁷ IO L 149, 30.4.2021, lch. 10, ELI: [http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/689\(1\)/oj](http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/689(1)/oj)[http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/689\(1\)/oj](http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/689(1)/oj).

↓ 2011/93/AE aithris 41

⇒ nua

↻ an Chomhairle

- (51) ⇒ I réimse na mí-úsáide gnéasaí leanaí, go minic faigheann ciontóirí rochtain arís ar leanaí tar éis ciontú nó dícháiliúchán trí aistriú chuig dlínse eile, agus is feiniméan forleathan agus inmíoch é. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach gach beart is gá a dhéanamh chun ↻ [...] ↻ an feiniméan sin ↻ a chosc. ⇐ Agus aird chuí á tabhairt ar thraidisiúin éagsúla dlíthiúla na mBallstát, cuirtear san áireamh sa Treoir seo nach gceadaítear rochtain ar thaifid dhlíthiúla ach amháin do na húdaráis inniúla nó don duine lena mbaineann. Leis an Treoir seo, ní bhunaítear oibleagáid go ndéanfaí na córais náisiúnta lena rialaítear taifid choiriúla ná na modhanna chun rochtain a fháil ar na taifid sin a mhodhnú.
-

↓ 2011/93/AE aithris 42

⇒ nua

↻ an Chomhairle

- (52) ⇒ ↻ [...] ↻ ⇐ Níl sé d'aidhm ag an Treoir seo comhchuibhiú a dhéanamh ar rialacha a bhaineann le toiliú an duine lena mbaineann agus faisnéis ó na cláir choiriúla á malartú, i.e. an toiliú sin a cheangal nó gan é a cheangal. Cibé acu an gceanglaítear an toiliú nó nach gceanglaítear é faoin dlí náisiúnta, ní bhunaítear aon oibleagáid nua leis an Treoir seo chun an dlí náisiúnta agus nósanna imeachta náisiúnta a athrú i ndáil leis sin.

↓ 2011/93/AE aithris 43 (oiriúnaithe)

- (53) Féadfaidh na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar bhearta breise riaracháin a ghlacadh maidir le déantóirí na gcionta, amhail daoine atá ciontaithe i gcionta dá dtagraítear sa Treoir seo a chlárú i gclár ciontóirí gnéis. Ba cheart an rochtain ar na cláir sin a bheith faoi réir a theorannaithe i gcomhréir le prionsabail bhunreachtúla náisiúnta agus le caighdeáin infheidhme um chosaint sonraí, mar shampla trí theorainn a chur le rochtain ar na breithiúna agus/nó ar údaráis forfheidhmithe dlí.

↓ 2011/93/AE aithris 44 (oiriúnaithe)

⇒ nua

↻ an Chomhairle

- (54) ~~Moltar do~~ ⇒ Ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a ghlacadh ⇐ chun sásraí maidir le bailiú sonraí a chur ar bun ~~ne~~ ar an leibhéal náisiúnta, áitiúil nó réigiúnach agus i gcomhar leis an tsochaí shibhialta, chun breathnú ar fheiniméan na mí-úsáide gnéasaí leanaí agus an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí agus meastóireacht a dhéanamh air ⇒ , agus iad ag cur leis na hoibleagáidí níos leithne maidir le bailiú sonraí a leagtar síos i dTreoir [...] [...] [an Treoir maidir le Cearta Íospartach, Athmhúnlú], agus Rialachán (AE) [an Rialachán chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac] ⇐. Chun meastóireacht chuí a dhéanamh ar thorthaí na ngníomhaíochtaí a dhéanfar chun mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír ghnéasach ar leanaí agus ~~peragrafaíocht~~ ⊗ ábhar mí-úsáide gnéasaí ⊗ leanaí a chomhrac, ba cheart don Aontas Eorpach leanúint den fhorbairt ar mhodheolaíochtaí agus ar mhodhanna bailithe faisnéise chun staitisticí incomparáide a chur ar fáil.

⇒ ↻ [...] ⇐

↓ 2011/93/AE aithris 45

- (55) Ba cheart do na Ballstáit gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh chun seirbhísí faisnéise a chur ar bun chun faisnéis a sholáthar maidir le conas na comharthaí sóirt den mhí-úsáid ghnéasach agus den teacht i dtír ghnéasach a shainaithint.

↓ 2011/93/AE aithris 46 (oiriúnaithe)

- (56) Is cineál sonrach ábhair é ~~pornagrafaíocht leanaí, arb ionann í agus íomhánna de mhí-úsáid ghnéasach leanaí~~ ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí agus ní féidir é a fhorléiriú mar nochtadh tuairime. Chun é sin a chomhrac, is gá cúrsaíocht an ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí a laghdú trína dhéanamh níos deacra do chiontóirí an t-ábhar sin a uaslódáil ar an gcuid sin den Ghréasán Domhanda atá inrochtana go poiblí. Dá bhrí sin tá gá le gníomhaíocht chun an t-ábhar a bhaint anuas agus chun na daoine atá ciontach in ~~íomhánna de~~ ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a dhéanamh, a scaipeadh nó a íoslódáil, na daoine sin a ghabháil. D'fhonn tacú le hiarrachtaí an Aontais Eorpaigh ~~pornagrafaíocht~~ ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chomhrac, ba cheart do na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh oibriú i gcomhar le tríú tíortha agus iad ag iarraidh an t-ábhar sin a bhaint anuas de fhreastalaithe laistigh dá gcríoch.

↓ nua

(57) Iarrachtaí na mBallstát cúrsaíocht ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí a laghdú, lena n-áirítear trí chomhar le tríú tíortha faoin Treoir seo, níor cheart do na hiarrachtaí sin difear a dhéanamh do Rialachán (AE) 2022/2065, do Rialachán (AE) 2021/1232 agus do [.../.../ Rialachán lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac]. Ábhar ar líne arb é atá ann cionta coiriúla dá dtagraítear sa Treoir seo nó a éascaíonn na cionta coiriúla sin, beidh sé faoi réir bearta de bhun Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁸ a mhéid a bhaineann le hábhar neamhdhleathach.

↓ 2011/93/AE aithris 47 (oiriúnaithe)

⇒ nua

(58) ☒ In ainneoin na n-iarrachtaí sin ☒ ó na Ballstáit ☒ ~~áfach~~, is minic nach féidir ábhar ~~pornagrafaíochta~~ ☒ mí-úsáide gnéasaí ☒ leanaí a bhaint anuas ag an bhfoinse i gcásanna nach bhfuil na bunábhair lonnaithe laistigh den Aontas, toisc nach bhfuil an Stát ina bhfuil na freastalaithe á n-óstáil toilteanach comhoibriú a dhéanamh nó toisc go dtógann sé an-chuid ama cead a fháil an t-ábhar a bhaint amach as an Stát lena mbaineann. Féadfar sásraí a chur ar bun freisin chun rochtain ar leathanaigh Idirlín a sainiú go bhfuil íomhánna ~~de pornagrafaíocht~~ ☒ d'ábhar mí-úsáide gnéasaí ☒ leanaí orthu nó a bhfuil na híomhánna sin á scaipeadh acu, a bhlocáil i gcóir an Aontais. Maidir leis na bearta a dhéanann na Ballstáit i gcomhréir leis an Treoir seo chun suíomhanna gréasáin a bhfuil ~~pornagrafaíocht~~ ☒ ábhar mí-úsáide gnéasaí ☒ leanaí orthu a bhaint anuas nó, i gcás inarb iomchuí, a bhlocáil, féadfar na bearta sin a bhunú ar chineálacha éagsúla gníomhaíochta poiblí, amhail gníomhaíochta reachtacha, neamh-reachtach, breithiúnacha nó eile. Sa chomhthéacs sin, tá an Treoir seo gan dochar don ghníomhaíocht dheonach a dhéanann tionscal an Idirlín chun mí-úsáid a chuid seirbhísí a chosc agus tá sí gan dochar d'aon tacaíocht a thugann na Ballstáit don ghníomhaíocht sin. Cibé bonn don ghníomhaíocht nó cibé modh a roghnófar, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go

¹⁸ Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1

soláthraíonn sé leibhéal leordhóthanach deimhneachta dlíthiúla agus intuarthachta dlíthiúla d'úsáideoirí agus do sholáthraithe seirbhíse. D'fhonn ábhar mí-úsáide leanaí a bhaint anuas agus a bhlocáil, ba cheart comhar idir údaráis phoiblí a chur ar bun agus a neartú, go háirithe ar mhaithe lena áirithiú go mbeidh na liostaí náisiúnta de shuíomhanna gréasáin ar a bhfuil ábhar i ndáil le ~~pornagrafaíocht~~ ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí chomh cuimsitheach is féidir agus ar mhaithe le dúbláil oibre a sheachaint. Leis na forbairtí sin, ní mór cearta na n-úsáideoirí deiridh a chur san áireamh agus ní mór nósanna imeachta dlíthiúla agus breithiúnacha atá ann cheana, an Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha agus an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh. ~~Leis an gClár le haghaidh Idirlín Níos Sábháilte, tá líonra de mbeolíní curtha ar bun ar cuspóir dóibh faisnéis a bhailiú agus a áirithiú go ndéanfar tuairiscí a chur ar na príomhchineálacha d'ábhar mídhleathach ar líne a thuairisciú agus a mhalartú.~~

⇒ Láimhseálann líonra na mbeolíní¹⁹ atá cómhaoinithe ag an Aontas tuairiscí ar ábhar líomhnaithe mí-úsáide gnéasaí leanaí a thuairiscíonn an pobal go hanaithnid agus oibríonn sé i gcomhar le lucht forfheidhmithe dlí agus le lucht tionscail ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal domhanda chun a áirithiú go mbainfear anuas go pras an cineál sin ábhair. ⇐

¹⁹ Faoin gClár don Eoraip Dhigiteach faoi láthair.

↓ 2011/93/AE aithris 48

~~48. Is é is aidhm don Treoir seo forálacha Chinnadh Réime 2004/68/CGB a leasú agus a leathnú. Os rud é go bhfuil na leasuithe atá le déanamh suntasach ó thaobh lín agus cineál de, ba cheart, ar mhaithe leis an tsoiléireacht, an Treoir seo a chur in ionad an Chinnadh Réime ina iomláine i ndáil leis na Ballstáit atá rannpháirteach i ngcladh na Treorach seo.~~

↓ 2011/93/AE aithris 49 (oiriúnaithe)

(59) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, is é sin mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus ~~peragrafaíocht~~ ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chomhrac, a ghnóthú go leordhóthanach, ~~astu féins~~ ach gur fearr is féidir an cuspóir sin a ghnóthú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh de bharr fhairsinge agus éifeachtaí, ~~mar sin,~~ na gníomhaíochta , féadfaidh an tAontas Eorpach bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

↓ 2011/93/AE aithris 50

- (60) Urramaítear leis an Treoir seo cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus go háirithe an ceart go ndéanfaí dínit an duine a chosaint, an toirmeasc ar chéastóireacht agus ar íde nó ar phionós atá mídhonna nó táireach, cearta an linbh, an ceart chun saoirse agus slándála, an ceart chun tuairimí a nochtadh agus an ceart chun faisnéise, an ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint, an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach cothroime, agus prionsabail na dlíthiúlachta agus na comhréireachta i dtaca le cionta coiriúla agus pionóis. Leis an Treoir seo, féachtar lena áirithiú go n-urramófar na cearta agus na prionsabail sin go hiomlán agus ní mór í a chur chun feidhme dá réir sin.

↓ 2011/93/AE aithris 51

~~51. I gcomhréir le hAirteagal 3 den Phrótocal (Uimh. 21) maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe agus ag Éire gur mian leo a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm na Treorach seo.~~

↓ nua

↻ an Chomhairle

- (61) [I gcomhréir le hAirteagal 3 agus Airteagal 4a(1) de Phrótocal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn , le litir an ↻ 12 Meitheamh 2024 ☺ ,] gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm na Treorach seo.]

↻ [...] ☺

↓ 2011/93/AE aithris 52 (oiriúnaithe)

- (62) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de ~~an~~ Phrótocal ~~(Uimh. 22)~~ maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.

↓ nua

- (63) Ba cheart an oibleagáid an Treoir seo a thrasú sa dlí náisiúnta a theorannú do na forálacha sin ar leasú substainteach iad i gcomparáid leis an Treoir a bhí ann roimhe seo. Is ann don oibleagáid na forálacha nach bhfuil athraithe a thrasú mar thoradh ar an Treoir a bhí ann roimhe seo.

↓ nua

- (64) Ba cheart an Treoir seo a bheith gan dochar do na hoibleagáidí atá ar na Ballstáit maidir leis an teorainn ama chun an Treoir a leagtar amach in Iarscríbhinn I a thrasú sa dlí náisiúnta.

↓ 2011/93/AE

↻ an Chomhairle

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Treoir seo, bunaítear rialacha íosta maidir leis an sainmhíniú ar chionta coiriúla agus maidir le ~~...~~ pionóis i réimse na mí-úsáide gnéasaí leanaí, an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí, ~~pornagrafaíocht~~ an ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí agus na sirtheoireachta leanaí chun críoch gnéasach. Tugtar isteach léi freisin forálacha chun an cosc ar na ~~coireanna~~ cionta coiriúla sin a neartú agus chun íospartaigh na ~~geoireanna~~ gcionta coiriúla sin a chosaint.

↓ 2011/93/AE (oiriúnaithe)

⇒ nua

↻ an Chomhairle

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘leanbh’ aon duine atá faoi bhun 18 mbliana d’aois;
- (2) ciallaíonn ‘aois toilithe gnéis’ an aois a bhfuil, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, toirmeasc ar pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí gnéasacha le leanbh atá faoi bhun na haoise sin;

- (3) ciallaíonn ‘~~pornagrafaíocht~~ ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí’:
- (a) aon ábhar ina léirítear leanbh agus é rannpháirteach in iompar gáirsiúil, bíodh an t-iompar sin fíor nó ionsamhlaithe;
 - (b) aon léiriú de ghnéasorgáin linbh go príomha chun críoch gnéasach;
 - (c) aon ábhar a léiríonn íomhá de dhuine ar bith ar cosúil gur leanbh é agus é rannpháirteach in iompar gáirsiúil, bíodh an t-iompar sin fíor nó ionsamhlaithe, nó aon léiriú de ghnéasorgáin duine ar bith ar cosúil gur leanbh é a léirítear go príomha chun críoch gnéasach; ~~nó~~
 - (d) íomhánna , macasamhlacha nó léirithe²⁰ réalaiócha de leanbh atá rannpháirteach in iompar gáirsiúil nó ~~íomhánna réalaiócha~~ de ghnéasorgáin linbh, go príomha chun críoch gnéasach;

↓ nua
 an Chomhairle

(e) [...]

↓ 2011/93/AE (oiriúnaithe)

- (4) ciallaíonn ‘ teacht i dtír ar leanaí sa striapachas’ leanbh a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí gnéasacha i gcás ina ndéantar airgead nó aon chineál eile luacha saothair nó comaoin a thabhairt nó a ghealladh mar mhalairt ar an leanbh a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí gnéasacha, gan beann ar cé acu don leanbh nó do thríú páirtí a thugtar an íocaíocht, an gealltanas nó an chomaoin sin;

²⁰ Cuirfear aithris lena ngabhfaidh míniú níos mionsonraithe ar a gcuidseofar leis an gcoincheap seo, agus tagairt do mhainicíní gnéis agus róbat gnéis ar a bhfuil cuma linbh. Tá roinnt toscaireachtaí fós ag iarraidh go gcuirfí isteach foráil aonair lena ndéantar mainicíní gnéis agus róbat gnéis ar a bhfuil cuma linbh a choiriúlú.

- (5) ciallaíonn ‘taispeántas ~~mi-úsáide~~ gnéasaí leanaí ~~peragrafach~~’ taispeántas beo a dhírítear ar lucht féachana, lena n-áirítear trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, de:
- (a) leanbh atá rannpháirteach in iompar gáirsiúil, bíodh sé fíor nó ionsamhlaithe; nó
 - (b) gnéasorgáin linbh a léirítear go príomha chun críoch gnéasach;
- (6) ciallaíonn ‘duine dlítheanach’ aon eintiteas a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige faoin dlí is infheidhme, seachas Stáit nó comhlachtaí poiblí i bhfeidhmiú údarás an Stáit agus seachas eagraíochtaí idirnáisiúnta poiblí;²¹

↓ nua

- (7) ciallaíonn ‘seirbhís sochaí faisnéise’ seirbhís mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (b) de Threoir (AE) 2015/1535²¹.
- (8) ciallaíonn ‘piaraí’ daoine atá gar dá chéile ó thaobh aoise agus leibhéal forbartha síceolaíche agus fisiciúla de, nó ó thaobh aoise agus leibhéal aibíochta síceolaíche agus fisiciúla de.

²¹ Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí Sochaí Faisnéise (códú), IO L 241, 17.9.2015, lgh. 1–15.

2011/93/AE

nua

an Chomhairle

Airteagal 3

Cionta a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an t-iompar d'aon ghnó dá dtagraítear i míreanna 2 go [...] 6a inphionóis.
2. Iompar lena gcuirtear faoi deara do leanbh nach bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe aige a bheith mar fhinné ar ghníomhaíochtaí gnéasacha, chun críoch gnéasach, fiú gan iallach a bheith air a bheith rannpháirteach iontu, beidh sé sin inphionóis le huastearma príosúnachta aon bhliain amháin ar a laghad.
3. Iompar lena gcuirtear faoi deara do leanbh nach bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe aige a bheith mar fhinné ar mhí-úsáid ghnéasach, chun críoch gnéasach, fiú gan iallach a bheith air a bheith rannpháirteach inti, beidh sé sin inphionóis le huastearma príosúnachta 2 bhliain ar a laghad.
4. Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí gnéasacha , seachas na gníomhaíochtaí a leagtar amach i mír 6, le leanbh nach bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe aige nó é a chur faoi deara don leanbh sin páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí gnéasacha leis an tríú duine [...], beidh sé sin inphionóis le huastearma [...] 5 bliana ar a laghad.

4a. Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí gnéasacha, seachas na gníomhaíochtaí sin a leagtar amach in mír 6a, le leanbh a bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe aige agus nach dtoilíonn le gníomhaíochtaí gnéasacha, nó iachall a chur ar an leanbh sin páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí gnéasacha neamhthoiliúla leis an tríú duine, beidh sé sin inphionóis le huastearma príosúnachta 2 bhliain ar a laghad.

2011/93/AE

nua

an Chomhairle

5. Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí gnéasacha le leanbh leanbh nó iachall a chur ar an leanbh sin páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí gnéasacha leis an tríú duine, dá bhforáiltear i mír 4 agus mír 4a, sna cásanna seo a leanas:

- (a) má bhaintear mí-úsáid as seasamh aitheanta iontaoibhe, as údarás nó as an tionchar ar leanbh atá ag duine, beidh sé sin inphionóis le huastearma príosúnachta $\frac{8}{10}$ mbliana ar a laghad mura bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, agus le téarma príosúnachta [...] 5 bliana ar a laghad má tá an leanbh os cionn na haoise sin; nó
- (b) má bhaintear mí-úsáid as staid an-leochaileach an linbh, go háirithe mar gheall ar mhíchumas [...] nó mar gheall ar staid spleáchais, beidh sé sin inphionóis le huastearma príosúnachta $\frac{8}{10}$ mbliana ar a laghad mura bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, agus le téarma príosúnachta [...] 5 bliana ar a laghad má tá an leanbh os cionn na haoise sin; nó
- (c) má bhaintear úsáid as comhéigean, forneart nó bagairtí, beidh sé sin inphionóis le huastearma príosúnachta [...] 10 mbliana ar a laghad mura bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, agus le téarma príosúnachta [...] 5 bliana ar a laghad má tá an leanbh os cionn na haoise sin.

[...]

↓ nua

↻ an Chomhairle

↻ [...] ↻ 6. ↻ Beidh an t-iompar d'aon ghnó seo a leanas inphionóis le huastearma príosúnachta ↻ [...] ↻ 10 ↻ mbliana ar a laghad:

- (a) páirt a ghlacadh le leanbh ↻ nach bhfuil ↻ [...] ↻ an aois toilithe gnéis slánaithe aige ↻ [...] ↻ i ↻ ngníomhaíochtaí gnéasacha lena mbaineann ↻ treá faighne ↻ [...] ↻ anasaigh ↻ [...] ↻ le haon bhall den chorp nó le haon réad; ↻ nó treá béil le ball giniúna²², ↻
- (b) a chur faoi deara do leanbh ↻ [...] ↻ ↻ nach bhfuil ↻ an aois toilithe gnéis slánaithe aige caidreamh a dhéanamh le ↻ triú ↻ duine ↻ [...] ↻ ↻ [...] ↻ i ↻ ngníomhaíochtaí gnéasacha lena mbaineann ↻ treá faighne ↻ nó ↻ anasaigh ↻ [...] ↻ le haon bhall den chorp nó le haon réad, ↻ nó treá béil le ball giniúna. ↻

↻ an Chomhairle

6a Beidh an t-iompar d'aon ghnó seo a leanas inphionóis le huastearma príosúnachta 5 bliana ar a laghad:

- (a) páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí gnéasacha le leanbh a bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe aige nach dtoilíonn le gníomhaíochtaí gnéasacha lena mbaineann treá faighne nó anasaigh le haon bhall den chorp nó le haon réad nó treá béil le ball giniúna.

²² Curtha isteach chun aird a thabhairt ar an iarraidh idirdhealú a dhéanamh idir na pionóis d'iompar a bhaineann le treá béil le réad nó le ball den chorp nach ball giniúna é. Baineadh amach an fhoclaíocht 'de chineál gnéasach' toisc go bhfuilimid ag tagairt anseo do 'gníomhaíochtaí gnéasacha' (seachas 'aon ghníomh' mar a bhí sa leagan roimhe), rud a chiallaíonn nach bhfuil gá a thuilleadh leis an sonrú.

(b) a chur faoi deara do leanbh nach bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe aige caidreamh a dhéanamh le triú duine i ngníomhíochtaí gnéasacha lena mbaineann treá faighne nó anasaigh le haon bhall den chorp nó le haon réad nó treá béil le ball giniúna.

an Chomhairle

6b. Féadfaidh na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú, maidir leis na mí-úsáidí ar a gcuirtear síos i mír 5, go mbeidh feidhm acu freisin leis na cionta dá dtagraítear i míreanna 6 agus 6a, agus féadfaidh siad foráil a dhéanamh do phionóis níos déine ina leith.

nua

an Chomhairle

7. Chun críoch [...] mhíreanna 4a agus 6a, áiritheoidh na Ballstáit an méid a leanas:

an Chomhairle

(a) Ní thuigfear toiliú a bheith tugtha ach amháin más de dheoin shaorthoil an linbh féin a thugtar é go saorálach, rud a mheasfar i gcomhthéacs na n-imthosca.

(b) féadfar an toiliú a tharraingt siar tráth ar bith roimh an ghníomh nó lena linn;

↓ nua

↻ an Chomhairle

8. ↻ [...] ↻

9. ↻ [...] ↻

↓ 2011/93/AE (oiriúnaithe)

⇒ nua

↻ an Chomhairle

Airteagal 4

Cionta a bhaineann le teacht i dtír gnéasach

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an t-iompar d'aon ghnó dá dtagraítear i míreanna 2 go 7 inphionóis.
2. Má chuirtear faoi deara do leanbh a bheith rannpháirteach i dtaispeántais ~~pornagrafaíoch~~ mí-úsáide gnéasaí leanaí , nó má bhaintear brabús as leanbh nó má thagtar i dtír air ar bhealach eile chun na gcríoch sin, beidh sé sin inphionóis le huastearma príosúnachta 5 bliana ar a laghad mura bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, agus le téarma príosúnachta 2 bhliain ar a laghad má tá an leanbh os cionn na haoise sin.
3. Má chuirtear iallach le comhéigean nó le forneart ar leanbh a bheith rannpháirteach i dtaispeántais ~~pornagrafaíoch~~ mí-úsáide gnéasaí leanaí , nó má dhéantar bagairt ar leanbh chun na gcríoch sin, beidh sé sin inphionóis le huastearma príosúnachta 8 mbliana ar a laghad mura bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, agus le téarma príosúnachta 5 bliana ar a laghad má tá an leanbh os cionn na haoise sin.

4. Má fhreastalaíonn duine go feasach ar thaispeántais ~~pornagrafaíochta~~ mí-úsáide gnéasaí leanaí lena mbaineann rannpháirteachas linbh, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 2 bhliain ar a laghad mura bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, agus le téarma príosúnachta aon bhliain amháin ar a laghad má tá an leanbh os cionn na haoise sin.
5. Má chuirtear faoi deara do leanbh páirt a ghlacadh i dteacht i dtír sa striapachas ~~leanaí~~, nó má bhaintear brabús as leanbh nó má thagtar i dtír air ar bhealach eile chun na gcríoch sin, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 8 mbliana ar a laghad mura bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, agus téarma príosúnachta 5 bliana ar a laghad má tá an leanbh os cionn na haoise sin.
6. Má chuirtear iallach le comhéigean nó le forneart ar leanbh a bheith rannpháirteach i dteacht i dtír sa striapachas ~~leanaí~~, nó má dhéantar bagairt ar leanbh chun na gcríoch sin, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 10 mbliana ar a laghad mura bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, agus le téarma príosúnachta 5 bliana ar a laghad má tá an leanbh os cionn na haoise sin.
7. Má ghlactar páirt i ngníomhaíochtaí gnéasacha le leanbh, i gcás ina ndéantar teacht i dtír sa striapachas ~~leanaí~~, beidh sé sin inphionóis le huastéarma príosúnachta [...] 5 bliana ar a laghad mura bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, agus le téarma príosúnachta [...] 2 bhliain ar a laghad má tá an leanbh os cionn na haoise sin.

Airteagal 5

Cionta a bhaineann le ~~pornagrafaíocht~~ hábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an t-iompar d'aon ghnó dá dtagraítear i míreanna 2 go 6, i gcás ina ndéanfar gan cheart é, inphionóis.
2. Má dhéantar ~~pornagrafaíocht~~ ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a fháil nó a shealbhú, beidh sé sin inphionóis le huastearma príosúnachta aon bhliain amháin ar a laghad.
3. Má dhéantar rochtain a fháil go feasach ar ~~pornagrafaíocht~~ ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, beidh sé sin inphionóis le huastearma príosúnachta aon bhliain amháin ar a laghad.
4. Má dhéantar ~~pornagrafaíocht~~ ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a dháileadh, a scaipeadh nó a tharchur, beidh sé sin inphionóis le huastearma príosúnachta 2 bhliain ar a laghad.
5. Má dhéantar ~~pornagrafaíocht~~ ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a thairiscint, a sholáthar nó a chur ar fáil, beidh sé sin inphionóis le huastearma príosúnachta 2 bhliain ar a laghad.
6. Má dhéantar ~~pornagrafaíocht~~ ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a tháirgeadh, beidh sé sin inphionóis le huastearma príosúnachta 3 bliana ar a laghad.

↓ nua

↻ an Chomhairle

7. ↻ [...] ↻ Ní mheasfar go ndearnadh ↻ na ↻ hiompair dá dtagraítear i ↻ míreanna ↻ 2, 3 agus 4 gan cheart go háirithe i gcás ina ndearna eagraíocht atá bunaithe sa Bhallstát agus í ag gníomhú ar mhaithe le leas an phobail in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí, nó thar ceann nó faoi fhreagracht na heagraíochta ↻ [...] ↻ ↻ mar shampla i gcás inar ↻ údaraigh údaráis an Bhallstáit sin é agus nuair a rinneadh na gníomhartha sin i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach san údarú sin.

↻ Moltar do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh ↻ ↻ [...] ↻ an saineolas ↻ [...] ↻ ↻ is gá ag na heagraíochtaí atá ag gníomhú ar mhaithe le leas an phobail i gcoinne na mí-úsáide gnéasaí leanaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ↻ ↻ [...] ↻ go mbeidh sásraí iomchuí tuairiscithe agus formhaoirseachta ann chun a áirithiú go ngníomhóidh na heagraíochtaí ↻ sin ↻ go gasta, go dícheallach agus ar mhaithe le leas an phobail, agus go mbainfidh ↻ [...] ↻ ↻ siad ↻ úsáid as bealaí slána cumarsáide chun na gníomhaíochtaí a chumhdaítear le ↻ [...] ↻ húdarú a dhéanamh.

8. ↻ [...] ↻

9. Is faoi rogha na mBallstát a bheidh sé cinneadh a dhéanamh an bhfuil feidhm ag an Airteagal seo maidir le cásanna a bhaineann le ~~pornagrafóch~~ hábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí dá dtagraítear in Airteagal 2 pointe (3)(c) ~~(e)(iii)~~, i gcás inar chosúil gur leanbh a bhí sa duine ach gurb amhlaidh gur duine os cionn 18 mbliana d'aois a bhí ann tráth a léirithe.

10. ~~It shall be within the discretion of Member States to decide whether paragraphs 2 and 6 of this Article apply to cases where it is established that pornographic material as referred to in Article 2 (e)(iv), is produced and possessed by the producer solely for his or her private use in so far as no pornographic material as referred to in Article 2 (e)(i), (ii) or (iii) has been used for the purpose of its production and provided that the act involves no risk of dissemination of the material.~~

Is faoi rogha na mBallstát a bheidh sé cinneadh a dhéanamh ar an bhfuil feidhm ag mír 2 agus mír 6 den Airteagal seo i gcásanna ina suítear maidir leis an ábhar pornagrafach dá dtagraítear in Airteagal 2(c)(iv) go dtáirgeann agus go sealbhaíonn an táirgeoir nach mbainfear ach úsáid phríobháideach as sa mhéid nár úsáideadh aon ábhar pornagrafach dá dtagraítear in Airteagal 2(c) (i), (ii) nó (iii) chun é a tháirgeadh.

Airteagal 5a

Cionta a bhaineann le treoracha chun mí-úsáid ghnéasach leanai, teacht i dtír gnéasach ar leanai nó sirtheoireacht leanai chun críoch gnéasach a dhéanamh

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an t-iompar intinníuil seo a leanas inphionóis le huastearma príosúnachta dar fad bliain amháin ar a laghad i gcás ina ndéantar é gan cheart an méid a leanas le haon ábhair, gan beann ar a fhoirm, atá beartaithe chun comhairle nó treoracha a chur ar fáil maidir le conas ceann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3, 4, 5 nó 6 den Treoir seo a dhéanamh:

- (a) é a dháileadh, a scaipeadh nó a tharchur;
- (b) é a thairiscint, a sholáthar nó a chur ar fáil;
- (c) é a tháirgeadh;
- (d) é a shealbhú.

↓ 2011/93/AE (oiriúnaithe)

⇒ nua

↻ an Chomhairle

Airteagal 6

Sirtheoireacht leanaí chun críoch gnéasach

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an t-iompar d'aon ghnó seo a leanas ☒ arna dhéanamh ag duine fásta ☒ inphionóis ☒ mar a leanas ☒:
- (a) ~~an~~ tairiscint ☒ a dhéanamh ☒, trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, ~~ó duine fásta~~ bualadh le leanbh nach bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe aige, ⇒ ar líne nó go pearsanta ⇐, d'fhonn ceann ar bith de na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3(4) ⇒, (5), (6) ⇒ [...] ⇐ agus in Airteagal 5(6) a dhéanamh, i gcás ina ndearnadh gníomhartha ábhartha i ndiaidh na tairisceana sin as a leanfaidh teacht le chéile den sórt sin, beidh sé sin inphionóis le huastearma príosúnachta aon bhliain amháin ar a laghad;

↓ nua

↻ an Chomhairle

- (b) An t-iompar dá dtagraítear sa chéad fhomhír, beidh sé sin inphionóis le huastearma príosúnachta 2 bhliain ar a laghad i gcás ina mbaintear úsáid as comhéigean, ⇒ [...] ⇐ nó bagairtí.

2011/93/AE (oiriúnaithe)

nua

an Chomhairle

2. Maidir le [...] gníomh a bheith déanta ag duine fásta, trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, arb é sin sirtheoireacht a dhéanamh ar leanbh ~~nach bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe aige~~ nach bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe aige ionas go ndéanfaidh an leanbh ~~pornagrafaíocht~~ ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí [...] a tháirgeadh nó a roinnt ina léirítear an leanbh sin, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh sé inphionóis. [...]
-

an Chomhairle

I gcás ina bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh, beidh an t-iompar dá dtagraítear sa chéad fhomhír inphionóis i gcás ina mbaintear úsáid as comhéigean nó bagairtí.

nua

an Chomhairle

An t-iompar dá dtagraítear sa chéad fhomhír, beidh sé sin inphionóis le huastearma príosúnachta aon bhliain amháin ar a laghad i gcás ina mbaintear úsáid as comhéigean, [...] nó bagairtí.

3. [...]

↓ nua

↻ an Chomhairle

Airteagal 7

Sirtheoireacht go ndéanfaí mí-úsáid ghnéasach ↻ leanaí nó teacht i dtír leanaí a bheostruthú ↻

Maidir le hairgead nó aon chineál eile luacha saothair nó comaoin a ghealladh d'aon ghnó nó a thabhairt ↻ [...] ↻ , ↻ chun rochtain a fháil ar bheostruthú na ngníomhaíochtaí a ndéantar cur síos orthu in ↻ ↻ [...] ↻ aon cheann de na cionta a liostaítear in Airteagal 3(4), ↻ (4a), ↻ (5),(6) ↻ [...] ↻ ↻ (6a) ↻ Airteagal 4(2) agus (3) agus Airteagal 5(6)²³ a dhéanamh, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh sé sin inphionóis le huastearma príosúnachta dar fad ↻ [...] ↻ ↻ bliain amháin ↻ ar a laghad.

↓ nua

↻ an Chomhairle

Airteagal 8

Seirbhís ar líne a oibriú chun mí-úsáid ghnéasach leanaí nó teacht i dtír gnéasach a dhéanamh

Maidir le seirbhís sochaí faisnéise a oibriú nó a riar d'aon ghnó, ar seirbhís é atá ↻ [...] ↻ ↻ deartha nó oiriúnaithe ↻ chun aon cheann de na cionta a liostaítear in Airteagail 3 go 7 ↻ a éascú ↻ , déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh sé sin inphionóis le huastearma príosúnachta aon bhliain amháin ar a laghad.

²³ Tiocfar ar ais chuig na tagairtí seo nuair a bheidh an téacs geall le bheith tugtha chun críche.

2011/93/AE (oiriúnaithe)

nua

an Chomhairle

Airteagal 9

Gríosú, cabhrú agus neartú, agus iarracht a dhéanamh

1. Maidir le haon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 6, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh sé inphionóis daoine a ghríosú chun na cionta sin a dhéanamh nó a bheith ag cabhrú leo agus á neartú.
2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh sé inphionóis iarracht a dhéanamh aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3(4), (5) agus 4, 4(6), 4(6a), 4[...] in Airteagal 4(2), (3), (5), (6) agus (7), agus in Airteagal 5(4), (5) agus (6) 4[...] a dhéanamh.

2011/93/AE (oiriúnaithe)

nua

an Chomhairle

Airteagal 10

Gníomhaíochtaí gnéasacha comhthoiliúla

1. Is faoi rogha na mBallstát a bheidh sé cinneadh a dhéanamh an bhfuil feidhm ag Airteagal 3(2) [...] (4) agus (6)²⁴ maidir le gníomhaíochtaí gnéasacha comhthoiliúla idir piaraí, ~~atá gar dá chéile ó thaobh aoise, leibhéal forbartha síceolaíche agus fisiciúla, agus leibhéal aibíochta síceolaíche agus fisiciúla,~~ a mhéid nár bhain aon mhí-úsáid ná teacht i dtír leis na gníomhartha sin.
2. Is faoi rogha na mBallstát a bheidh sé cinneadh a dhéanamh an bhfuil feidhm ag Airteagal 4(4) maidir le taispeántas ~~pornagrafach~~ a bheidh ar siúl i gcomhthéacs caidrimh chomhthoiliúil i gcás ina bhfuil an aois toilithe gnéis slánaithe ag an leanbh nó idir piaraí ~~atá gar dá chéile ó thaobh aoise, leibhéal forbartha síceolaíche agus fisiciúla, agus leibhéal aibíochta síceolaíche agus fisiciúla de,~~ a mhéid nár bhain aon mhí-úsáid ná teacht i dtír leis na gníomhartha agus nach dtabharfar aon airgead ná aon fhoirm eile luacha saothair ná comaoine mar íocaíocht mar mhalairt ar an taispeántas ~~pornagrafach~~.

²⁴ Maidir le tagairt d'Airteagal 3 a chur anseo, déanfar sin a phlé nuair a bheidh an fhoráil sin geall le bheith tugtha chun críche.

3. Is faoi rogha na mBallstát a bheidh sé cinneadh a dhéanamh an bhfuil feidhm ag Airteagal 5(2), ⇒ (3), (4) ⇐ agus (6) maidir le táirgeadh, fáil nó seilbh⇒ , nó rochtain ar, ⇐ ábhar ina bhfuil daoine mar a leanas páirteach: ⇒ ➔ [...] ⇐ ⇐

⊗ (a) ⊗ leanaí a bhfuil an aois toilthe gnéis slánaithe acu⊗, nó ⊗

⇒ (b) leanaí ➔ [...] ⇐ agus a bpiaraí, ⇐

i gcás ina ndéanann na daoine lena mbaineann an t-ábhar sin a tháirgeadh, ➔ [...] ⇐ ➔ a fháil ⇐, a shealbhú ➔ nó i gcás ina fhaigheann siad rochtain air ⇐ le toiliú⊗ an ⊗ duine sin ➔ [...] ⇐ agus le haghaidh úsáid phríobháideach ➔ [...] ⇐ ➔ na ndaoine sin ⇐ amháin a mhéid nár bhain aon mhí-úsáid ➔ ná aon teacht i dtír ⇐ leis na gníomhartha.

↻ an Chomhairle

Agus an rogha dá dtagraítear sa chéad fhomhír á chur i bhfeidhm, áiríteoidh na Ballstáit nach dtuigfead as íomhánna nó fiseáin dhlúthphearsanta an duine a chomhroinnt go comhthoiliúil gur toiliú é sin chun an t-ábhar céanna sin a chomhroinnt le daoine eile nó é a scaipeadh.

↵ nua

➔ an Chomhairle

4. Is faoi rogha na mBallstát a bheidh sé cinneadh a dhéanamh an bhfuil feidhm ag Airteagal 6 maidir le tairiscintí, comhráite, teagmháil nó malartuithe idir piaraí: ➔ a mhéid nár bhain aon mhí-úsáid ná teacht i dtír, ná comhéigean ná bagairt, leis na gníomhartha. ⇐

5. ➔ [...] ⇐

6. ➔ [...] ⇐

2011/93/AE (oiriúnaithe)

nua

an Chomhairle

Airteagal 11

Imthosca géaraitheacha

A mhéid nach bhfuil na himthosca seo a leanas ina gcuid de na heilimintí a chomhdhéanann na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, maidir leis na cionta coiriúla ábhartha dá dtagraítear sna hAirteagail sin, gur féidir ceann amháin nó níos mó de go bhféadfar na himthosca seo a leanas a mheas, de réir forálacha ábhartha an dlí náisiúnta, mar imthosca géaraitheacha:

- má rinneadh an cion in aghaidh leanbh a bhí i staid an-leochaileach, amhail leanbh atá faoi mhíchumas, leanbh atá i staid spleáchais nó leanbh atá i staid éagumas fisiciúil nó meabhrach;
- más duine de theaghlach an linbh a rinne an cion, nó duine a bhí ina chónaí leis an leanbh nó duine a bhain mí-úsáid as an seasamh aitheanta iontaoibhe, údaráis nó tionchair a bhí aige i leith an linbh;
- más roinnt daoine ag gníomhú le chéile a rinne an cion;
- má rinneadh an cion faoi chuimsiú eagraíocht choiriúil de réir bhrí Chinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle; ~~an 24 Deireadh Fómhair 2008 maidir leis an geomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe²⁵.~~

²⁵

~~Cinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2008 maidir leis an geomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe, IO L 300, 11.11.2008, lch. 42.~~

- (e) má ciontaíodh an ciontóir cheana i gcionta den chineál céanna;
- (f) má rinne an ciontóir saol an linbh a chur i mbaol d'aon ghnó nó go meargánta; ~~no~~
- (g) má bhain foréigean thromchúiseach leis an gcion nó má rinneadh díobháil thromchúiseach don leanbh leis ☒ ; ☒ =
-

↓ nua
↻ an Chomhairle

(h) ↻ [...] ↻

(i) ↻ [...] ↻

(j) má rinneadh an cion trí ↻ [...] ↻ ↻ leas a bhaint d'aon ghnó as an íospartach ar meisce. ↻

2011/93/AE (oiriúnaithe)

nua

an Chomhairle

Airteagal 12

Dícháiliúchán a eascraíonn as ciontuíthe

1. Chun an riosca go ndéanfaí cionta arís a sheachaint, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar duine nádúrtha a ciontaíodh in aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 a chosc go sealadach nó go buan, ar a laghad ó ghníomhaíochtaí gairmiúla a dhéanamh lena mbaineann teagmháil dhíreach agus rialta le leanaí.
2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gceanglófar ar fhostóirí ~~dtabharfar an ceart d'fhostóirí~~ in earnálacha cosanta leanaí, an oideachais, an chúraim leanaí agus an chúraim sláinte ar a laghad, agus daoine á n-earcú acu le haghaidh gníomhaíochtaí gairmiúla nó le haghaidh gníomhaíochtaí deonacha eagraithe lena mbaineann teagmháil dhíreach agus rialta le leanaí, agus ar eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí, agus baill foirne á n-earcú acu, faisnéis a iarraidh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta trí bhíthin aon mhodh iomchuí, amhail trí rochtain arna hiarraidh sin nó tríd an duine lena mbaineann, maidir le ciontuíthe coiriúla a bheith ann i leith aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9, atá iontráilte sa taifead coiriúil nó maidir le haon dícháiliúchán a bheith ann ó ghníomhaíochtaí a dhéanamh lena mbaineann teagmháil dhíreach agus rialta le leanaí a eascraíonn as na ciontuíthe coiriúla sin.

3. Maidir le míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm²⁶, ⇒ arna iarraidh sin d'údaráis inniúla, ⇐ déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú chun go míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm dtarchuirfead faisnéis maidir le ciontuithe coiriúla i leith aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 7 ⇒ 9 ⇐ a bheith ann, nó maidir le haon dícháiliúchán ó ghníomhaíochtaí a rinneadh lena mbaineann teagmháil dhíreach agus rialta le leanaí a eascraíonn as na ciontuithe coiriúla sin, go ndéanfar an fhaisnéis sin a tharchur i geomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach i gCinneadh Réime 2009/315/CGB ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir le faisnéis arna baint ón taifead coiriúil idir na Ballstáit (13) arna iarraidh sin faoi Airteagal 6 den Chinneadh Réime sin le toiliú ón duine lena mbaineann. ⇒ , agus go mbeidh an fhaisnéis tharchurtha sin chomh cruinn agus is féidir agus go gcuimseofar léi, ar a laghad, faisnéis maidir le ciontuithe coiriúla nó dícháiliúcháin a eascraíonn as ciontuithe coiriúla arna coinneáil ag aon Bhallstát. Chun na críche sin, tarchuirfead an fhaisnéis sin trí ECRIS nó tríd an sásra malartaithe faisnéise a bhunaítear le tríú tíortha ⇐, ⇨ i gcás inar ann do shásra mar sin. ⇐

↓ 2011/93/AE

~~Airteagal 11~~

~~Seizure and confiscation~~

~~Member States shall take the necessary measures to ensure that their competent authorities are entitled to seize and confiscate instrumentalities and proceeds from the offences referred to in Articles 3, 4 and 5.~~

²⁶ Leasú teicniúil: is ábhar breise é an frása a chuirtear le téacs reatha na Treorach, ach a fágadh trí thimpiste gan mharcáil sa togra.

2011/93/AE

nua

an Chomhairle

Airteagal 13

Dliteanas daoine dlítheanacha

1. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas i leith cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 a i gcás inar duine ag a bhfuil post ceannaireachta laistigh den duine dlítheanach lena mbaineann agus é ag gníomhú dó ina aonar nó mar chuid de chomhlacht de chuid an duine dhlítheanaigh a rinne na cionta sin chun tairbhe na ndaoine dlítheanacha sin, ar bhonn na nithe seo a leanas:
 - (a) cumhacht ionadaíocht a dhéanamh don duine dlítheanach;
 - (b) údarás chun cinntí a dhéanamh thar ceann an duine dhlítheanaigh; nó
 - (c) údarás chun rialú a fheidhmiú laistigh den duine dlítheanach.
2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gur féidir duine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas i gcás inar fhág easpa ó thaobh na maoirseachta nó an rialaithe de a bhí le déanamh ag duine dá dtagraítear i mír 1 gurbh fhéidir le duine faoi údarás an duine sin na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9 a dhéanamh chun tairbhe an duine dhlítheanaigh.
3. Maidir leis an dliteanas faoina bhfuil daoine dlítheanacha faoi mhíreanna 1 agus 2, ní chuirfear bac leis an dliteanas sin ar imeachtaí coiriúla a thionscnamh in aghaidh daoine nádúrtha a dhéanann na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9, nó a ghríosaíonn na cionta sin nó atá ina gcúlpháirtithe iontu.

2011/93/AE (oiriúnaithe)

an Chomhairle

Airteagal 14

[...] Pionóis ar dhaoine dlítheanacha

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh duine dlítheanach a chuirfear faoi dhliteanas de bhun Airteagal 13 (1) nó (2) inphionóis le [...] pionóis nó bearta , bídís coiriúil nó neamhchoiriúil, atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. [...]

an Chomhairle

- 1a. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, maidir leis na pionóis a ghearrfar nó na bearta a dhéanfar i leith daoine dlítheanacha arna gcur faoi dhliteanas de bhun Airteagal 13(1) nó (2) i ndáil leis na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 go 9, go mbeidh fineálacha coiriúla nó neamhchoiriúla san áireamh leo, agus gur féidir go mbeidh pionóis nó bearta coiriúla nó neamhchoiriúla eile a bheith san áireamh leo, mar shampla na cinn a leanas:

2011/93/AE (oiriúnaithe)

nua

an Chomhairle

- (a) eisiamh ó theidlíocht i leith sochair poiblí nó cúnamh poiblí;
- (b) \Rightarrow eisiamh ó rochtain ar mhaoiniú poiblí, lena n-áirítear nósanna imeachta tairisceana, deontais, \Rightarrow [...] \Leftarrow lamhátais \Leftarrow agus ceadúnais \Leftarrow ;
- (c) dícháiliúchán sealadach nó buan ó ghníomhaíochtaí \Rightarrow [...] \Leftarrow gnó \Leftarrow a chleachtadh;
- (d) cur faoi mhaoirseacht bhreithiúnach;
- (e) foirceannadh breithiúnach; nó
- (f) bunaíochtaí arna n-úsáid \Rightarrow [...] \Leftarrow chun an cion a dhéanamh a dhúnadh \Rightarrow [...] \Leftarrow .

2. ~~Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh duine dlítheanach a chuirfead faoi dhlítheanas de bhun Airteagal 12(2) in phionóis le smachtbhannaí atá éifeachtach, comhréireach agus atheomhairleach.~~

↓ nua

↻ an Chomhairle

2. I gcás daoine dlítheanacha, ↻ ar a laghad ↻ , a chuirfear faoi dhliteanas de bhun Airteagal 13 ↻ (1) ↻ , déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, maidir le cionta ↻ coiriúla ↻ atá inphionóis, ↻ faoin Treoir seo ↻ , le huastearma príosúnachta ↻ [...] ↻ dar fad ↻ bliain amháin ↻ ar a laghad le haghaidh daoine nádúrtha, go mbeidh na cionta coiriúla sin inphionóis le fíneálacha ↻ coiriúla nó neamhchoiriúla ↻ ↻ , a mbeidh a méid comhréireach le tromchúis na hiompraíochta agus le himthosca aonair agus airgeadais agus le himthosca eile an duine dhlítheanaigh lena mbaineann. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú nach mbeidh uasleibhéal na bhfíneálacha sin ↻ ↻ [...] ↻ níos lú ná:

↻ (i) ↻ 1 faoin gcéad de láimhdeachas iomlán an duine dhlítheanaigh, sa bhliain ghnó roimh an mbliain ↻ ina ndearnadh an cion nó sa bhliain ghnó roimh an bhliain ina ndearnadh an cinneadh an fhíneáil a fhorchur, nó ↻ ↻ [...] ↻

↻ an Chomhairle

(ii) méid a chomhfhreagraíonn do EUR 8 000 000.

↓ nua

↻ an Chomhairle

3. I gcás daoine dlítheanacha, ↻ ar a laghad ↻ , a chuirfear faoi dhliteanas de bhun Airteagal 13 ↻ (1) ↻ , déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, maidir le cionta ↻ coiriúla ↻ atá inphionóis, ↻ faoin Treoir seo ↻ , le huastearma príosúnachta ↻ [...] ↻ ↻ 5 ↻ bliana ar a laghad le haghaidh daoine nádúrtha, go mbeidh na cionta sin inphionóis le fíneálacha ↻ coiriúla nó neamhchoiriúla ↻ ↻ a mbeidh a méid comhréireach le tromchúis na hiompraíochta agus le himthosca aonair agus airgeadais agus le himthosca eile an duine dhlítheanaigh lena mbaineann. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú nach mbeidh uasleibhéal na bhfíneálacha ↻ ↻ [...] ↻ níos lú ná ↻ [...] ↻ :
- ↻ (i) ↻ [...] ↻ 3 ↻ faoin gcéad de láimhdeachas iomlán domhanda ↻ an duine ↻ dhlítheanaigh sa bhliain ghnó roimh an mbliain ↻ ina ndearnadh an cion nó sa bhliain ghnó roimh an mbliain ina ndearnadh an cinneadh an fhíneáil a fhorchur, nó ↻

↻ an Chomhairle

(ii) méid a chomhfhreagraíonn do EUR 24 000 000.²⁷

- (3b) Féadfaidh na Ballstáit rialacha a bhunú le haghaidh cásanna nach féidir méid na fíneála a chinneadh ar bhonn láimhdeachas iomlán domhanda an duine dhlítheanaigh sa bhliain ghnó roimh an mbliain ina ndearnadh an cion nó sa bhliain ghnó roimh an mbliain ina ndearnadh an cinneadh an fhíneáil a fhorchur.

²⁷ Ba cheart aithris atá comhchosúil le haithris 34 sa Treoir maidir le Envicrime a chur sa chomhthéacs seo. Mhol roinnt toscaireachtaí go ndéanfaí méid na fíneála dá bhforáiltear sa mhír seo agus i mír 2(ii) a laghdú.

↓ 2011/93/AE
⇒ nua
⇒ an Chomhairle

Airteagal 15

Gan ionchúiseamh a dhéanamh nó gan pionóis a chur i bhfeidhm maidir leis an íospartach

Déanfaidh na Ballstáit, i gcomhréir le bunphrionsabail a gcóras dlí, na bearta is gá chun a áirithiú go bhfuil na húdaráis náisiúnta inniúla i dteideal gan ionchúiseamh a dhéanamh nó gan pionóis a fhorchur ar íospartaigh na mí-úsáide gnéasaí agus an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí iad mar gheall ar a rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí coiriúla ar cuireadh iallach orthu iad a dhéanamh mar thoradh díreach ar iad a bheith faoi réir aon cheann de na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 4(2), (3), (5), ⇒ [...] (6), ⇒ agus (7) in Airteagal 5 ⇒ (4), (5) agus ⇐ (6).

↓ 2011/93/AE (oiriúnaithe)
⇒ nua
⇒ an Chomhairle

Airteagal 16

Imscrúdú agus ionchúiseamh ⇒ ⇒ [...] ⇐

